



## Clásal séanta

D'ullmhaigh Byrne Ó Cléirigh Teoranta an tuarascáil seo le gach scil, cúram agus díograis réasúnach laistigh de théarmaí an Chonartha leis an gCliant, agus cuireann sé ár dTéarmaí agus ár gConníollacha san áireamh agus déanann sé taifeadadh de na hacmhainní a caitheadh uirthi le comhaontú leis an gCliant.

Séanaimid aon fhreagracht don Chliant agus do dhaoine eile maidir le haon rud lasmuigh de scóip an mhéid thuas.

Is tuarascáil rúnda don Chliant í seo agus ní ghlacaimid le haon fhreagracht de nádúr ar bith má chuirtear tríú páirtithe ar an eolas faoin tuarascáil, nó cuid den tuarascáil seo. Braitheann aon pháirtí ar leith ar an tuarascáil ar a p(h)riacal féin.

# Contents

<b>1. Achoimre Feidhmiúcháin</b>	<b>2</b>
<b>2 Cúlra agus Comhthéacs</b>	<b>5</b>
2.1 Ceanglais maidir le beartais agus reachtaíocht	5
2.2 An Próiseas Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T)	7
2.3 Anailís ar thuairisciú arna dhéanamh ag eagraíochtaí na hearnála poiblí	8
<b>3. Ídiú Fuinnimh agus Astaíochtaí</b>	<b>9</b>
3.1 Ídiú fuinnimh iomlán agus astaíochtaí iomlána	9
3.2 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir chineál an fhuinnimh	10
3.3 Ídiú fuinnimh agus astuithe de réir úsáide deiridh	12
3.4 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir fo-earnála agus modha	13
3.5 Príomhíditheoirí Fuinnimh	14
3.6 An t-athrú ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí ón mbliain 2020 i leith	14
<b>4. Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh</b>	<b>16</b>
4.1 Dul chun cinn i dtreo sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030	16
4.2 Éifeachtúlacht fuinnimh de réir fo-earnála	16
<b>5. Spriocanna Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa</b>	<b>18</b>
5.1 Dhá sprioc 2030	18
5.2 Dul chun cinn i dtreo na sprice astaíochtaí neamhleictreachais	18
5.3 Dul chun cinn i dtreo na sprice astaíochtaí iomlána	20
5.4 Taisteal ar ghnó	22
<b>Dul Chun Cinn á Dhéanamh</b>	<b>24</b>
<b>6. I dTreo 2030</b>	<b>26</b>
6.1 Feidhmíocht na nGrúpaí Roinne	26
6.2 Feidhmíocht Comhlachtaí Poiblí	28
<b>Aguisín 1 – Torthaí Feidhmíochta Grúpaí Roinne</b>	<b>53</b>
<b>Aguisín 2 – Modheolaíocht Tuairiscithe</b>	<b>55</b>
<b>Aguisín 3 – Gluais</b>	<b>56</b>

# 1. Achoimre Feidhmiúcháin

Is í seo an naoú tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh na Ranna Rialtais agus na gcomhlachtaí poiblí in Éirinn, arna shainiú in I.R. 426 de 2014<sup>1</sup>. Tá sé leagtha síos i gcomhthéacs ghealltanais AE agus náisiúnta na hÉireann agus spriocanna fuinnimh agus athraithe aeráide níos leithne, mar a fheictear sa *Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide* (2023)<sup>2</sup>, nua-fhoilsithe agus an *Plean Náisiúnta um Fhuinneamh agus Aeráid* (2020) agus *Clár an Rialtais* (2020).

Tá ról ceannaireachta á ghlacadh ag an earnáil phoiblí maidir le cuspóirí fuinnimh náisiúnta agus aeráide a bhaint amach trí dhírú ar éifeachtúlachtaí nua agus trí na céimeanna go bhféadtar a ghlacadh ar ghníomhaíocht ar son na haeráide agus ar spáráil fuinnimh a léiriú, i gcomhthéacs sochaíoch níos leithne, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030 agus le bheith neodrach i dtaobh na haeráide faoi 2050, ar a mhoille.

Tugadh gealltanais sa *Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide* (2021) chun Straitéis nua Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hEarnála Poiblí a ullmhú, agus soláthróidh an straitéis uileghabhálach seo de chuid na hearnála poiblí comhsheasmhacht i ghníomhaíocht ar son na haeráide ar fud na hearnála poiblí. Rithfidh an Straitéis isteach go 2025 ionas go n-ailínfeadh sé le deireadh thréimhse an chéad Bhuiséid Charbóin. Díreoidh sé ar rialachas, a aithníodh mar chrann taca ag an ról ceannaireachta nár mhór do dhícharbónú agus d'éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí a imirt san aistriú neodrach níos leithne ar fud na tíre. Cuirfear an Straitéis seo isteach le haghaidh fhaomhadh an Rialtais agus foilseofar go luath í sa bhliain 2023.

Lena chois sin, aontaíodh Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid na hEarnála Poiblí sa bhliain 2022, agus tacaíonn an sainordú seo le comhlachtaí poiblí chun ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide. Ní mór do gach comhlacht poiblí, seachas na húdaráis áitiúla, na comhlachtaí tráchtála leathstáit agus an earnáil scoile<sup>3</sup>, gníomhú i leith na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Sainordú agus tuairisciú orthu. Ní mór do chomhlachtaí poiblí Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú ina leagtar amach a bpleananna le haghaidh an Sainordú a chur i bhfeidhm. D'ullmhaigh an GCC agus an ÚFIÉ treoir don chéad leagan den Phlean agus tá sé ar fáil anois ar shuíomh gréasáin an ÚFIÉ<sup>4</sup>.

Tá breis is 99% de na comhlachtaí poiblí ar fad agus 79% de scoileanna ag baint úsáid as an gcóras monatóireachta agus tuairiscithe fuinnimh ar líne a d'fhorbair an ÚFIÉ agus an RCAC dóibh chun sonraí feidhmíochta a n-éifeachtúlachta fuinnimh agus a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairisciú. Soláthraíonn an córas M&T seo taifead agus tacar sonraí tábhachtach maidir le conas atá an earnáil phoiblí ag feidhmiú i gcoinne thréimhse bonnlíne agus tá athfhorbairt á déanamh ar an gcóras chun monatóireacht agus rianú a dhéanamh ar spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe faoi 2030 agus riachtanais tuairiscithe náisiúnta agus AE eile.

Léiríonn sonraí ón gcóras feidhmíochta M&T don bhliain 2021 gur tháinig feabhas 31.5% ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí. Níor cheart na sonraí mionsonraithe sa tuarascáil seo maidir le 2021 a chur i gcomparáid ar bhonn iontamhla leis na sonraí do na blianta roimhe sin mar gheall ar thionchar COVID-19 agus toisc go n-athraíonn líon foriomlán na gcomhlachtaí poiblí agus na scoileanna a thuairiscíonn athruithe ó bhliain go bliain.

- Iarradh ar 348 comhlacht poiblí sonraí don bhliain 2021 a thuairisciú don ÚFIÉ, agus chuir 345 díobh tuarascálacha iomlána isteach faoin spriocdháta tuairiscithe.
- Anuas air sin, iarradh ar 3,669 scoil neamhspleách sonraí a thuairisciú, agus chuir 2,898<sup>5</sup> díobh tuarascálacha iomlána isteach.

Déantar anailísíú sa tuarascáil seo ar na sonraí don bhliain 2021 a chuir na heagraíochtaí seo isteach maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí GCT, agus cuirtear an dul chun cinn atá déanta acu i gcomparáid le spriocanna éifeachtúlachta agus astaíochta don bhliain 2030. Is léir, ó na sonraí, go bhfuil gnóthachain éifeachtúlachta á mbaint amach trí chur chun feidhme na mílte tionscadal éagsúil, idir bhainistíocht fuinnimh struchtúrtha, uasghrádú foirgneamh agus saoráidí, iarfheistiú, athruithe ar iompar, sholáthar fuinnimh níos fearr agus trí athrú iompraíochta in eagraíochtaí.

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí sonraí bliantúla faoi thaisteal ar ghnó a thuairisciú don ÚFIÉ ón mbliain 2021 ar aghaidh. Ní bhaineann sé le spriocanna 2030 na hearnála poiblí, áfach.

1 Leagtar amach i Rialachán 4 de I.R. 426 2014 an sainmhíniú ar "chomhlacht poiblí".

2 Foilsíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 i mí na Nollag 2022.


3 Baineann sainorduithe ar leith leis na hearnálacha seo.

4 [www.seai.ie/publications/Public\\_Sector\\_Bodies\\_Climate\\_Action\\_Roadmaps\\_Guidance.pdf](http://www.seai.ie/publications/Public_Sector_Bodies_Climate_Action_Roadmaps_Guidance.pdf)


5 Rinne 173 scoil bhreise iarracht tuairiscí a chur isteach ach bhí a gcuid sonraí neamhiomlán agus mar sin ní chuimsítear sa tuarascáil seo iad.

## Staid Reatha

### FEABHAS AR ÉIFEACTHÚLACHT FUINNIMH




### RÁTA TUAIRISCITHE COMHLACHTAÍ POIBLÍ




### LAGHDÚ ASTAÍOCHTAÍ NEAMH-LEICTREACHAS<sup>6</sup>



### RÁTA TUAIRISCITHE SCOILEANNA



### IOMLÁN LAGHDÚ NA N-ASTAÍOCHTAÍ A BHAINNEANN LE FUINNEAMH



### Príomhthorthaí na hanailíse ar na sonraí a thuairiscigh 345 comhlacht poiblí agus 2,898 scoil don bhliain 2021:

- B'ionann a n-ídiú iomlán fuinnimh phríomhúil le chéile agus 9,787 GWh, agus b'ionann a gcuid GCT iomlána a bhain le fuinneamh agus 1,782 ktCO<sub>2</sub>, agus b'ionann a gcaiteachas iomlán ar fhuinnimh agus €728 milliún.
- Meastar gurb ionann é sin agus 99% d'ídiú fuinnimh na hearnála.
- Is ionann an feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh agus feabhas 31.5% ar 'ghnó mar is gnách', agus is ionann an feabhas seo agus 4,353 GWh d'fhuinneamh príomhúil a spáráladh, arb ionann é agus €307 milliún sábháilte don earnáil.
- Tháinig laghdú 2.7% ar astaíochtaí neamhleictreachais gás ceaptha teasa ó leagadh síos an bhonnlíne gás ceaptha teasa, agus tháinig laghdú 14.1% ar astaíochtaí iomlána.

Is ionann méid carnach an fhuinnimh phríomhúil a spáráladh ó leagadh síos an bhonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh agus 33,389 GWh, agus is ionann luach carnach an fhuinnimh a spáráladh sa tréimhse chéanna agus €2,187.

Tá an ráta um chomhlíonadh tuairiscithe d'eagraíochtaí na hearnála poiblí fós an-láidir agus b'ionann an comhlíonadh sa bhliain 2021 agus 99.1% (gan scoileanna neamhspleácha san áireamh).

Aithnítear scoileanna neamhspleácha mar chatagóir ar leith. Cé gur iarradh ar 3,669 scoil tuarascáil a thabhairt, ní bhaineann ach cuid bheag (thart ar 5%) d'ídiú iomlán fuinnimh na hearnála poiblí leo. Tá difríocht shuntasach idir a gcúinsí agus a bpróifílí úsáide fuinnimh le comhlachtaí poiblí eile (acmhainn níos teoranta chun infheistíocht a dhéanamh, le próifílí úsáide foirgneamh a chiallaíonn go mbaineann tréimhsí aisíocaíochta an-fhada le hinfeistíochtaí fabraice tógála ar aon scála). Dá bhrí sin, déantar na rátaí um chomhlíonadh do chomhlachtaí poiblí agus do scoileanna a thuairisciú ar leithligh.

<sup>6</sup> Féach ar Chuid 5 den tuarascáil seo chun breis eolais a fháil faoi spriocanna gás ceaptha teasa.

B'ionann an ráta um chomhlíonadh tuairiscithe do scoileanna neamhspleácha don bhliain 2021 agus 79%, ar méadú é sin ar an ráta 76% um chomhlíonadh don bhliain roimhe sin.


Bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh, is toradh maith é tríd is tríd an feabhas 31.5% ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh a baineadh amach faoin mbliain 2021, nuair a chuirtear an t-athbhorradh faoi idió fuinnimh ó cuireadh deireadh le roinnt srianta COVID-19, agus cúinsí eile a bhain le héifeachtúlacht chóras leictreachais na hÉireann sa bhliain 2021 san áireamh.

Is léir, gurb as seo go ceann deich mbliana, a bheidh rannpháirtíocht réamhghníomhach leanúnach na gcomhlachtaí


poiblí go léir, agus rannpháirtíocht, a nOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh, ag baint úsáid as na struchtúir rialachais agus na tacaíochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair, rithábachtach chun a chinntiú go mbainfear spriocanna fuinnimh agus astaíochtaí na hearnála poiblí amach faoin mbliain 2030.

Tá an próiseas bliantúil M&T fós ina uirlis chumasaithe, lena soláthraítear an fhaisnéis feidhmíochta do chomhlachtaí poiblí, dá nOifigigh Feidhmíochta Fuinnimh agus do phríomhpháirtithe leasmhara lena n-éascaítear cinnteoireacht straitéiseach agus gníomhaíochtaí chun tuilleadh dul chun cinn agus baint amach na spriocanna náisiúnta a éascú.

## Príomhthorthaí le haghaidh 2021



### LE HAGHAIDH 2021, BA É AN COIGILTEAS ÉIFEACTÚLACHTA FUINNIMH A BAINÉADH AMACH:



### LE HAGHAIDH 2021, BA É AN LAGHDÚ AR ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA:





## 2. Cúlra agus Comhthéacs

### 2.1 Ceanglais maidir le beartais agus reachtaíocht

Leagtar amach sa *Treoir maidir le Héifeachtúlacht Fuinnimh* (EED) (2012/27/AE)<sup>7</sup> arna leasú le *Treoir* (AE) 2019/2002, sprioc éifeachtúlachta fuinnimh úr níos uailmhianáí ar fud an AE de 32.5% ar a laghad faoin mbliain 2030. Leagtar amach sa EED an ról eiseamláireach atá ag an earnáil phoiblí maidir le cur leis an sprioc fuinnimh AE sin.

Leagtar amach sa *Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh* (EPBD) (2010/31/AE)<sup>8</sup> arna leasú le *Treoir* 2018/844/AE, na ceanglais atá ar Bhallstáit maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus maidir lena a gcion a dhéanamh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Moltar spriocanna níos uailmhianáí fós i bpacáiste Oiriúnach do 55 an AE mar aon le rialacha eile fuinnimh agus aeráide an AE, lena chinntiú go mbainfear sprioc 2030 amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad (i gcomparáid le leibhéil sa bhliain 1990). Tá athbhreithniú agus uasdátú á dhéanamh ar reachtaíocht i dtíortha an AE mar chuid den phróiseas seo, chun an sprioc seo go mbeidh an AE neodrach ó thaobh na haeráide de faoin mbliain 2050 a bhaint amach.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra i mí Iúil 2021 chun an EED a athmhúnú mar chuid dá athbhreithniú ar reachtaíocht dá chuid a bhaineann leis an aeráid, le fuinneamh agus le hiompar, faoin bpacáiste. Leanfar ar aghaidh le hidirbheartaíocht faoin EED athmhúnlaithe go tús na bliana 2023.

Leagfar béim san EED nua ar thábhachtach an ról ceannaireachta don earnáil phoiblí maidir lenár spriocanna fuinnimh agus aeráide AE a bhaint amach agus leagfar amach fo-spriocanna nua don earnáil phoiblí maidir le spáráil fuinnimh agus le hathchóiriú. Chomh maith leis sin leagfar amach san EED nua, sprioc náisiúnta i bhfad níos dúshlánaí do gach ballstát maidir le spáráil fuinnimh. Is léir cheana féin, mar a sheasann cúrsaí san idirbheartaíocht faoi láthair, go mbeidh dualgas ar Éirinn a hídú náisiúnta fuinnimh – ó gach foinse – a laghdú 18.6% ar a laghad i gcomparáid le húsáid náisiúnta fuinnimh sa bhliain 2019. D'fhéadfadh go mbeadh laghdú níos mó fós ag teastáil nuair a thiocfaidh an idirbheartaíocht chun críche toisc go bhfuil sprioc níos uailmhianáí ag teastáil ó Pharlaimint na hEorpa. Mar sin, caithfidh gach earnáil gearú ar a gcuid iarrachtaí chun fuinneamh a spáráil suas go dtí an bhliain 2030, chun a chinntiú go mbainfear an sprioc nua amach.

Leanann obair athbhreithnithe ar an EPBD ar aghaidh chun foirgnimh san AE a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinnimh faoin mbliain 2030 agus ina dhiaidh sin. Moltar spriocanna níos uailmhianáí fós ann don earnáil phoiblí agus dá cuid foirgneamh. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na rialacha nua; gach foirgneamh nua a bheith saor ó astaíochtaí faoin mbliain 2030, gach foirgneamh atá ann cheana féin a athchóiriú chun go mbeidh siad saor ó astaíochtaí faoin mbliain 2050, dlús a chur le hathchóiriú ar fhoirgnimh atá i measc na 15% is measa san AE ó thaobh feidhmíochta fuinnimh de, agus íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a leagan síos. Meastar go mbeidh an t-athmhúnú ar

an *Treoir Maidir Le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh* (EPBD) curtha i gcrích faoi lár na bliana 2023.

Leagtar amach i *gClár an Rialtais* (2020) gealltanas go ndéanfar laghdú 7% ar an meán in aghaidh na bliana ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa ó 2021 go 2030 (laghdú 51% thar na deich mbliana seo) agus go mbainfear aeráidneodracht amach faoin mbliain 2050. Tá gealltanas ann chomh maith do chonair shoiléir do gach earnáil (an earnáil phoiblí san áireamh) a leagan amach chun nach mbeidh siad ag brath chomh mór ar bhreoslaí iontaise.

Leagtar amach freisin spriocanna níos uailmhianáí fós don earnáil phoiblí lena n-áirítear sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 50% agus sprioc laghdaithe astaíochtaí 51%, ar spriocanna iad a tugadh isteach ina dhiaidh sin sa *Phlean Ghníomhaithe* ar son na hAeráide 2021.

Leagtar béim ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí, ní hamháin i *gClár an Rialtais* ach i *bPlean Náisiúnta um Fhuinneamh agus Aeráide* na hÉireann (2021 – 2030) agus i *Straitéis Athchóirithe Fadtréimhseach* na hÉireann (2020) chomh maith.

I bhfianaise na staide leanúnaí maidir le praghsanna agus soláthar fuinnimh, agus na spriocanna spáráilte fuinnimh níos dúshlánaí atá le teacht fós faoin EED, tá iarracht chomhbheartaithe á déanamh anois ar fud na hearnála poiblí chun leanúint leis an ról ceannaireachta seo maidir le húsáid fuinnimh a laghdú agus maidir le laghdú ar úsáid teasa agus leictreachais a chur chun cinn in ionaid oibre agus i bhfoirgnimh na hearnála poiblí. Cuireann an ÚIFE agus an OOP an tionscnamh 'Úsáid níos Lú' ar fáil don earnáil phoiblí ar chlár struchtúrtha de ghníomhaíochtaí spáráilte fuinnimh le linn mhíonna an gheimhridh é agus ina dtugtar comhairle faoi fhuinneamh a spáráil.

Tabharfar tús áite le haghaidh tacaíocht faoin *gClár Iarfheistithe 'Pathfinder'* do chomhlachtaí poiblí a bhfuil an cumas orthu cur le tionscail iarfheistithe ar fhoirgnimh, ar tionscail iad a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh. Is clár cómhaoinithe é seo atá dírithe ar chuir chuige maidir le hiarfheistiú a thástáil agus ar mhúnla a fhorbairt ar féidir é a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála poiblí i gcoitinne. Tá na cistí á riar ag an ÚIFE le haghaidh tionscail faoin *gClár 'Pathfinder'* ar fud roinnt earnálacha móra amhail an rialtas láir, oideachas agus, údarais sláinte agus áitiúla. Tá sé beartaithe na comhpháirtíochtaí reatha a leathnú agus comhpháirtíochtaí úra a thabhairt isteach. Thacaigh an RCAC le 370 tionscadal iarfheistithe trí mhaoiniú iomlán de bhreis is €51 milliún a sholáthar dóibh, idir 2017 agus 2021. Agus spriocanna uailmhianacha don earnáil phoiblí leagtha amach suas go dtí an bhliain 2030, tabharfar tús áite faoin *gClár d'Iarfheistiú* níos doimhne le réitigh teasa in-athnuaite d'fhonn an leibhéal riachtanach laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach.

### Spriocanna

Tá éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe agus dícharbónú ina riachtanais náisiúnta i gcónaí agus tá siad ina bpríomhchumasóirí in Éirinn maidir lena spriocanna agus cuspóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta fuinnimh agus aeráide a chomhlíonadh.

<sup>7</sup> Trasuíodh é seo i reachtaíocht na hÉireann faoi I.R. 426 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014.

<sup>8</sup> Trasuíodh é seo i reachtaíocht na hÉireann faoi I.R. 183 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh Foirgneamh) 2019.

Foilseofar Straitéis uileghabhálach Ghníomhaithe ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí go luath sa bhliain 2023, chun Gníomh 53b den Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide 2021 a chomhlíonadh, agus beidh sé ina threoir maidir le comhsheasmhacht i ngníomhaíocht ar son na haeráide ar fud na hearnála poiblí. Mairfidh an Straitéis seo go dtí an bhliain 2025, tráth a thiocfaidh deireadh le tréimhse na chéad Bhuiséid Charbóin chomh maith.

Díreofar sa Straitéis seo ar cheannaireacht agus ar rialachas. Tá ceannaireacht, a bhfuil rialachas láidir mar bhonn faoi ag gach leibhéal, ríthábhachtach chun ár spriocanna 2030 maidir le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Ós rud é gur céatadán beag de na hastaíochtaí náisiúnta iad na hastaíochtaí iomlána ón earnáil poiblí, beidh ról ag an earnáil poiblí maidir le borradh a chur faoin aistriú iomlán chuig sochaí dhícharbóiníthe. Beidh ról ceannaireachta ag an earnáil poiblí maidir le hoibríochtaí agus le slabhraí soláthair a bhunathrú chun feabhais trí iompraíocht nua san áit oibre a chur chun cinn, trí ghnéithe glasa a chur san áireamh maidir le cinntí soláthair na hearnála poiblí, agus trí cheisteanna aeráide a leabú sa phróiseas buiséadaithe.

### Plean Ghníomhaithe ar son na hAeráide 2023

Beidh ról ceannaireachta ag an earnáil poiblí maidir le gníomhaíocht fhorleathan ar son na haeráide a bhrú chun cinn

ina cuid foirgneamh, i gcúrsaí iompair, i gcúrsaí dramhaíola, i gcúrsaí úsáide fuinnimh, agus sa phobal i gcoitinne. Chun é seo a bhaint amach, déanfaidh an earnáil poiblí na nithe seo a leanas:


- Creataí rialachais ar son na haeráide a neartú i gcomhlachtaí na hearnála poiblí
- Tuiscint ar chúrsaí aeráide a mhéadú san earnáil poiblí
- Beartais a chur i bhfeidhm le haghaidh feithiclí de chuid na hearnála poiblí a dhícharbónú.
- Gan ach Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha amháin a cheannach
- Iarfheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh de chuid na hearnála poiblí
- Soláthar poiblí glasa a chur i bhfeidhm go hiomlán san earnáil poiblí

Bainfidh an earnáil poiblí na spriocanna maidir le foirgnimh agus le hiarfheistiú amach faoin mbliain 2025, ar spriocanna iad atá leagtha amach i Sainordú Ghníomhaithe ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí agus i gCaibidil 14 de Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

Déanfaidh an earnáil poiblí na nithe seo a leanas faoin mbliain 2030:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil poiblí a laghdú 51%

## FÍOR 1: ÉIFEACTHÚLACHT FUINNIMH & TUAIRISCIÚ AR DHUL CHUN CINN ARNA DHÉANAMH AG COMHLACHTAÍ POIBLÍ AGUS AG SCOILEANNA





- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ó 33% (sprioc 2020) go 50% faoin mbliain 2030.

Anuas air sin déanfaidh an earnáil phoiblí Sainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí a chur i bhfeidhm agus déanfaidh siad athbhreithniú air go bliantúil. Thug an Rialtas faomhadh do Shainordú 2021 don Earnáil Phoiblí ar an 4 Iúil 2021. Tá leagan nuashonraithe den Sainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide ar fáil i gcaibidil 10 de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

Tá sonraí breise maidir leis na spriocanna agus na gealltanais seo leagtha amach i gCaibidil 10 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

## 2.2 An Próiseas Monatóireachta agus Tuiriscithe (M&T)

Tá ceanglas ar chomhlachtaí poiblí, ón mbliain 2010 i leith, de réir dlí reachtúil na hÉireann tuairisciú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a d'úsáid siad agus ar na bearta a rinne siad chun an t-ídiú sin a laghdú. Tá dhá phríomhcheanglas ar eagraíochtaí na hearnála poiblí:

- Ceanglas – faoi fhorálacha I.R. 426 de 2014 – sonraí bainistíochta fuinnimh agus feidhmíochta fuinnimh a thuairisciú go díreach don ÚFIÉ gach bliain chun dul chun cinn i dtreo na spriocanna a rianú.
- Ceanglas maidir le ráiteas bliantúil ar fheidhmíocht fuinnimh a fhoilsiú. Caithfear cur síos a dhéanamh sa ráiteas sin ar na bearta atá á ndéanamh acu, nó atá déanta acu cheana, lena n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus measúnú ar an méid fuinnimh a spáráladh mar thoradh ar na bearta sin.

Léirítear an mhodheolaíocht tuairiscithe thíos i bhFíor 2 agus tá achoimre ar fáil in Aguisín 2.

Tá cur síos cuimsitheach ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun


rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na sprice éifeachtúlachta fuinnimh agus spriocanna laghdaithe gás ceaptha teasa ar fáil i *gcáipéis treorach modheolaíochta M&T-2030* an ÚFIÉ. Tá difríocht shuntasach amháin idir na cuir chuige a úsáidtear chun éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a rianú, agus baineann sé sin leis an tslí a ndéileáiltear le hathruithe ar leibhéal gníomhaíochta i gcomhlachtaí na hearnála poiblí.

- Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, déantar feidhmíocht fuinnimh eagraíochta a rianú trí tháscaire feidhmíochta fuinnimh a úsáid<sup>9</sup>. Déanann an táscaire seo leibhéal gníomhaíochta na heagraíochta a thairfead ionas go gcuirfead luaineacht i leibhéal gníomhaíochta eagraíochta a bhfuil tionchar acu ar ídiú fuinnimh san áireamh agus feidhmíocht fuinnimh á cinneadh (éifeachtúlacht fuinnimh)
- Maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh, déantar astaíochtaí na heagraíochta a rianú ar bhonn iomlán, i.e. ní dhéantar aon choigeartú ar athruithe ar leibhéal ghníomhaíochta, ar acmhainn, ar struchtúr na heagraíochta ar leibhéal seirbhíse nó ar dhéimeagrafaic.

Déantar dul chun cinn i dtreo na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus gás ceaptha teasa a rianú tríd é a chur i gcomparáid le tréimhse bhonnlíne, ionas gur féidir feabhsuithe a thomhas agus a mheasúnú. Is mór an difríocht idir an tréimhse bhonnlíne a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus an ceann a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa.

Tá athfhorbairt á déanamh ag an ÚFIÉ ar an bpróiseas M&T, chomh maith le feabhas a chur ar an gcóras ar líne, chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le spriocanna na hearnála poiblí 2030 a rianú arna leagan amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus i gClár an Rialtais. Leis an gcóras, beifear in ann ardán a sholáthar do chomhlachtaí poiblí chun a bhfeidhmíocht fuinnimh agus a lorg carbóin a rianú, i measc ceanglais tuairiscithe eile amháin na cinn atá leagtha amach faoi Threoir an AE maidir le Feithiclí Glana.

## FÍOR 2: AN BEALACH A NDÉANANN COMHLACHTAÍ POIBLÍ TUAIRISCIÚ



9 Is bealach é Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI) chun feidhmíocht fuinnimh eagraíochta a thomhas. Riomhtar EnPI gach bliain trí ídiú iomlán fuinnimh príomhúil na heagraíochta a roinnt ar mhéadrach gníomhaíochta.

## 2.3 Anailís ar thuairisciú arna dhéanamh ag eagraíochtaí na hearnála poiblí

In Éirinn, tá an sainmhíniú ar an earnáil phoiblí fairsing agus cuimsítear ann raon leathan eagraíochtaí, lena n-áirítear an státseirbhís, údaráis áitiúla, comhlachtaí/gníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála, comhlachtaí stáit tráchtála agus eagraíochtaí sna hearnálacha sláinte, ceartais, cosanta agus oideachais.

Iarradh ar **348<sup>10</sup> comhlacht poiblí agus 3,669 scoil neamhspleách** sonraí a thuairisciú don ÚFIÉ trí thimthriall tuairiscithe 2021. Déantar an miondealú seo a leanas ar na comhlachtaí poiblí agus scoileanna sin ar iarradh orthu tuairisciú a dhéanamh le linn thimthriall tuairiscithe na bliana 2021:

- Iarradh ar 348 comhlacht poiblí, lena n-áirítear 16 Bord Oideachais & Oiliúna (BOOnna)<sup>11</sup>, sonraí feidhmíochta fuinnimh a thuairisciú trí úsáid a bhaint as córas tuairiscithe ar líne de chuid ÚFIÉ agus sonraí i dtaca lena gcuid taistil ar ghnó a thuairisciú trí theimpléad tuairiscithe scarbhileogbhunaithe.
- Iarradh ar 3,669 scoil eile sonraí feidhmíochta fuinnimh a thuairisciú tríd an gcóras ar líne mar eintitis neamhspleácha. Níor iarradh orthu sonraí a bhain le taisteal ar ghnó a thuairisciú.

Chuir 346 comhlacht poiblí agus 3,071 scoil neamhspleách sonraí feidhmíochta fuinnimh faoi bhráid an ÚFIÉ, faoin spriocdháta tuairiscithe. Ní raibh cuid de na tuairiscí sin a cuireadh isteach iomlán agus ní chuirtear san áireamh iad san anailís ar na sonraí atá curtha i láthair sa tuarascáil seo. Leagtar amach sa tuarascáil seo an anailís atá déanta ar shonraí as 345 tuairisc iomlán a chuir comhlachtaí poiblí isteach agus as 2,898 cinn eile ó scoileanna neamhspleácha. Is ionann na 345 tuairisc iomlán a rinne comhlachtaí poiblí agus ráta comhlíontachta 99.1%. Measann an ÚFIÉ gurb ionann idiú na n-eagraíochtaí uile a thuairiscigh agus breis agus 99% d'ídiú fuinnimh iomlán na hearnála poiblí

Chomh maith leis sin, chuir 283 comhlacht poiblí sonraí isteach maidir lena a gcuid taistil ar ghnó, faoin spriocdháta tuairiscithe.

Léirítear i bhFíor 3, líon na dtuarascálacha iomlána a cuireadh isteach ó gach fo-earnáil mar chion de líon iomlán na n-eagraíochtaí i ngach fo-earnáil. Léirítear sna cairteacha, an cion d'eagraíochtaí a chuir an dá thuarascáil isteach (i.e. fuinneamh agus taisteal ar ghnó) agus an cion a chuir tuairiscí fuinnimh amháin isteach.

Measann an ÚFIÉ gurb ionann idiú na n-eagraíochtaí uile a thuairiscigh agus breis agus 99% d'ídiú iomlán fuinnimh na hearnála poiblí

### FÍOR 3: MIONDEALÚ AR THUAIRISCÍ A CUIREADH ISTEACH DE RÉIR FO-EARNÁLA



Státseirbhís



**34**  
(22+12)  
AS 34




Comhlachtaí Stáit Tráchtála



**28**  
(25+3)  
AS 28



Oideachas (gan scoileanna ná BOOnna san áireamh)



**51**  
(40+11)  
AS 52




BOOnna



**16**  
AS 16



Sláinte



**67**  
(54+13)  
AS 68




Ceartas agus Cosaint



**6**  
(5+1)  
AS 6




Údaráis Áitiúla agus Seirbhísí Uisce



**32**  
(31+1)  
AS 32



Comhlachtaí Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála



**111**  
(90+21)  
AS 112



Scoileanna Neamhspleácha



**2,898**  
AS 3,669

● An dá thuarascáil      ● Tuarascáil ar fhuinneamh amháin      ● Gan tuarascáil ar bith

<sup>10</sup> Is féidir le líon eagraíochtaí na hearnála poiblí a gceanglaítear orthu tuairisciú in Éirinn athrú gach bliain mar gheall ar athruithe eagraíochtúla atá i gcomhréir le beartas agus reachtaíocht an rialtais.

<sup>11</sup> Iarradh ar na saoráidí atá faoi choimirce na BOOnna, lena n-áirítear 250 scoil, tuairisc a thabhairt trína BOOnna.

## 3. Ídiú Fuinnimh agus Astaíochtaí

Tá na sonraí atá léirithe i gcuid 3 bunaithe ar na tuairiscí iomlána a chuir 345 comhlacht poiblí agus 2,898 scoil isteach<sup>12</sup>.

### 3.1 Ídiú fuinnimh iomlán agus astaíochtaí iomlána

B'ionann an t-ídiú fuinnimh iomlán a tuairiscíodh don bhliain 2021 agus 7,107 GWh d'fhuinneamh deiridh, arbh ionann é agus 9,787 GWh d'fhuinneamh príomhúil.

D'eascair 1,782,000 tonna astaíochtaí GCT<sup>13</sup> a bhain le fuinneamh as an ídiú fuinnimh seo sa bhliain 2021, arbh ionann é agus 1,782 cileathonna CO<sub>2</sub> (ktCO<sub>2</sub>). Measann ÚFIÉ gurb ionann caiteachas ar fhuinneamh san earnáil phoiblí agus €728 milliún sa bhliain 2021.

Léirítear miondealú de réir fo-earnála ar na hiomláin seo i dTábla 1 agus léirítear miondealú ar ídiú fuinnimh deiridh i bhFíor 4.

#### Fuinneamh deiridh agus fuinneamh príomhúil

Ciallaíonn ídiú fuinnimh deiridh nó ídiú deiridh iomlán (TFC), an fuinneamh a d'úsáid eagraíochtaí na hearnála poiblí agus fo-earnálacha ídithe deiridh eile den gheilleagar amháin earnáil na tionsclaíochta, an earnáil iompair, an earnáil tithíochta srl. Cuirtear an fuinneamh a úsáidtear in earnáil an fhuinnimh as an áireamh, mar shampla fuinneamh a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint, agus chun ola a scagadh.

Áirítear le fuinneamh príomhúil nó riachtanas iomlán fuinnimh phríomhúil (TPER), an fuinneamh a ídítear agus/ nó a chailtear i bpróisis aistrithe, tarchurtha agus dáileacháin. Déantar é a ríomh trí fhachtóirí tiontaithe fuinnimh phríomhúil (a athraíonn de réir chineál an bhreosla) a chur i bhfeidhm ar luachanna ídithe fuinnimh deiridh.

Níor dhírigh leaganacha roimhe seo den tuarascáil seo ach ar fhuinneamh príomhúil amháin, toisc gur rianaíodh sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020 ar bhonn fuinnimh phríomhúil. Déantar sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a rianú ar an mbonn seo chomh maith.

Léirítear sa tuarascáil seo, sonraí fuinnimh deiridh agus sonraí fuinnimh phríomhúil agus tugtar 'deiridh' nó 'príomhúil' orthu sna táblaí agus sna cairteacha ar fad. Cuirtear fuinneamh deiridh san áireamh chun léirmhíniú ar shonraí astaíochtaí gás ceaptha teasa a dhéanamh níos sothuigthe, nuair a chuirtear i gcomparáid le sonraí ídithe fuinnimh iad.


**TÁBLA 1: MIONDEALÚ AR ÚSÁID FUINNIMH SA BHLIAIN 2021 DE RÉIR FO-EARNÁLA**

Fo-earnáil	Ídiú fuinnimh deiridh	Ídiú fuinnimh príomhúil	GCT iomlán a bhaineann le fuinneamh	Caiteachas lomlán ar Fhuinneamh
	GWh	GWh	ktCO <sub>2</sub>	€M
Státseirbhís	244	357	67	24
Comhlachtaí Stáit Tráchtála	2,450	3,024	501	280
Oideachas (gan scoileanna ná BOOnna san áireamh)	490	714	131	42
Sláinte	1,349	1,826	350	109
Ceartas agus Cosaint	411	532	108	40
Údaráis Áitiúla & Seirbhísí Uisce	1,343	2,191	402	159
Comhlachtaí Stáit / Gníomhaireacht Stáit / Neamhthráchtála	284	409	80	31
Scoileanna agus BOOnna	536	733	142	44
<b>Iomlán</b>	<b>7,107</b>	<b>9,787</b>	<b>1,782</b>	<b>728</b>

<sup>12</sup> Tá na luachanna go léir atá leagtha amach sa tuarascáil seo maidir le fuinneamh (GWh), le caiteachas (€ milliúin) agus le hastaíochtaí GCT (kt CO<sub>2</sub>) slánaithe. Tá miondifríochtaí slánaithe i gcuid de na sonraí táblaí.

<sup>13</sup> Is astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh iad na sonraí astaíochtaí gás ceaptha teasa go léir atá leagtha amach sa tuarascáil seo.

#### FÍOR 4: MIONDEALÚ AR ÍDIÚ FUINNIMH DEIRIDH DE RÉIR FO-EARNÁLA, DON BHLIAIN 2021



### 3.2 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir chineál an fhuinnimh

Tá miondealú ar ídiú fuinnimh deiridh 2021, ar ídiú fuinnimh phríomhúil 2021, agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa 2021 leagtha amach de réir chineál an fhuinnimh i dTábla 2. Tá na miondealuithe seo léirithe chomh maith i bhFíor 5 (fuinneamh deiridh), i bhFíor 6 (fuinneamh príomhúil) agus i bhFíor 7 (astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh).

Cé go léirítear miondealuithe den chineál céanna a bheag nó a mhór sna trí chairt seo, tá roinnt difríochtaí suntasacha eatarthu:


- B'ionann leictreachas agus aon trian amháin den ídiú fuinnimh deiridh sa bhliain 2021, ach 46% den fhuinneamh príomhúil agus 47% d'astaíochtaí GCT. Is é an chúis atá leis seo go raibh an méid fuinnimh phríomhúil a theastaíonn chun meánaonad fuinnimh deiridh a sholáthar agus méid na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid fuinnimh deiridh níos airde go comhréireach ó thaobh leictreachais de ná mar a bhí i gcás cineálacha fuinnimh eile. B'amhlaidh an scéal le leictreachas le blianta fada. Mar sin féin, bhí déine fuinnimh phríomhúil agus déine gás ceaptha teasa a bhain le leictreachas ag ísliú go ginearálta ó dheireadh na 1990idí agus meastar go leanfar leis an treocht sin de réir mar a dhéanann Éire a córas leictreachais a dhíchárbónú i gcomhréir le spriocanna aeráide 2030 agus ina dhiaidh sin.
- B'ionann teas in-athnuaite agus breoslaí iompair in-athnuaite agus 11% den ídiú fuinnimh deiridh sa bhliain 2021, ach toisc nach n-eascraíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa as a n-úsáid, ní raibh baint acu le haon cheann de na hastaíochtaí atá léirithe i bhFíor 7.
- B'ionann ola (breoslaí iompair agus olaí téimh) agus sciar den chineál céanna d'ídiú fuinnimh deiridh (31%) agus astaíochtaí GCT (32%) sa bhliain 2021, cé gurbh ionann gás nádúrtha agus 24% den ídiú ach ní raibh ach 19% d'astaíochtaí i gceist leis. Is é an chúis atá leis seo go n-eascraíonn níos mó astaíochtaí in aghaidh an aonaid fuinnimh as úsáid díosail agus olaí teasa ná mar a eascraíonn as gás nádúrtha.

Bhí déine fuinnimh phríomhúil agus déine gás ceaptha teasa a bhain le leictreachas ag ísliú go ginearálta ó dheireadh na 1990idí agus meastar go leanfar leis an treocht sin de réir mar a dhéanann Éire a córas leictreachais a dhíchárbónú i gcomhréir le spriocanna aeráide 2030 agus ina dhiaidh sin.


**TÁBLA 2: MIONDEALÚ AR ÚSÁID FUINNIMH SA BHLIAIN 2021 DE RÉIR CHINEÁL AN FHUINNIMH**

Fo-earnáil	Ídiú fuinnimh deiridh	Ídiú fuinnimh phríomhúil	GCTanna iomlána a bhaineann le fuinneamh
	GWh	GWh	ktCO <sub>2</sub>
Leictreachas	2,334	4,498	828
Gás Nádúrtha	1,676	1,863	343
LPG	103	116	24
Olaí Téimh	436	488	114
Breoslaí iontaise soladacha	0	0	0
Teas In-athnuaite	700	778	0
Breoslaí iompair	1,795	1,974	455
Breoslaí iompair in-athnuaite	63	69	0
<b>Iomlán</b>	<b>7,107</b>	<b>9,787</b>	<b>1,764</b>


**FÍOR 6: MIONDEALÚ AR ÍDIÚ FUINNIMH PHRÍOMHÚIL DE RÉIR CHINEÁL AN FHUINNIMH, DON BHLIAIN 2021**



**FÍOR 5: MIONDEALÚ AR ÍDIÚ FUINNIMH DEIRIDH DE RÉIR CHINEÁL AN FHUINNIMH, DON BHLIAIN 2021**



**FÍOR 7: MIONDEALÚ AR GCTANNA A BHAIN LE FUINNEAMH DE RÉIR CHINEÁL AN FHUINNIMH, DON BHLIAIN 2021**




### 3.3 Ídiú fuinnimh agus astuithe de réir úsáide deiridh

Tá miondealuithe breise ar ídiú fuinnimh deiridh, ar ídiú fuinnimh phríomhúil, agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa don bhliain 2021 leagtha amach i dTábla 3. Tá an miondealú ar an 7,107 Gigeavatuair den ídiú fuinnimh deiridh de réir úsáide deiridh léirithe chomh maith i bhFíor 8. Níl na miondealuithe seo críochnúil mar murab ionann agus gach miondealú eile sa tuarascáil seo, níl siad bunaithe amháin ar shonraí a chuir comhlachtaí poiblí agus scoileanna isteach go díreach chuig an ÚFIE<sup>14</sup>.

Ar an iomlán, b'ionann foirgnimh agus 44-50% den fhuinneamh a ídiódh<sup>15</sup>, agus b'ionann iompar agus 28% de.

#### FÍOR 8: MIONDEALÚ AR ÍDIÚ FUINNIMH DEIRIDH DE RÉIR ÚSÁIDE DEIRIDH, DON BHLIAIN 2021



**TÁBLA 3: MIONDEALÚ MEASTA AR ÚSÁID FUINNIMH DE RÉIR ÚSÁIDE DEIRIDH, DON BHLIAIN 2021**

Úsáid deiridh	Ídiú fuinnimh deiridh	Ídiú fuinnimh phríomhúil	GCTanna iomlána a bhaineann le fuinneamh
	GWh	GWh	ktCO <sub>2</sub>
Foirgnimh Oifige	445	699	128
Foirgnimh Cúraim Sláinte	1,241	1,705	324
Foirgnimh Scoile	528	721	140
Foirgnimh tríú leibhéal & foirgnimh oideachais eile	414	609	112
Foirgnimh anaithnide nó foirgnimh eile	496	717	132
Teas (méid anaithnid)	207	225	34
Soilsiú Poiblí	185	360	66
Seirbhísí Uisce	489	926	170
Próisis thionsclaíocha & feidhmeanna speisialtóireachta	931	1,220	96
Leictreachas (méid anaithnid)	215	381	75
Iompar ar iarnród	540	667	144
Iompar ar muir	69	76	18
Aeriompar	48	52	12
Gléasra & innealra	133	147	35
Iompar ar bóthar	1,165	1,282	297
<b>Iomlán</b>	<b>7,107</b>	<b>9,787</b>	<b>1,782</b>

14 Níl dualgas ar chomhlachtaí poiblí ná ar scoileanna miondealú cuimsitheach ar ídiú fuinnimh de réir úsáide deiridh a chur ar fáil ina dtuarascálacha. Mar sin, ní féidir miondealú críochnúil ar úsáid deiridh a ríomh go díreach ó na sonraí a tuairiscíodh. Tá na miondealuithe atá leagtha amach i dTábla 3 agus i bhFíor 8 bunaithe ar rangú méadair leictreachais agus gháis a thuiriscigh eagraíochtaí agus ar mhodheolaíocht chomhroinnt úsáide deiridh fuinnimh, a chuimsíonn boinn tuiscena bunaithe ar phátrúin úsáide deiridh fuinnimh atá ar eolas cheana maidir le fo-earnálacha agus cineálacha fuinnimh ar leith.

15 Le chéile, b'ionann na cúig chatagóir d'fhoirgnimh atá léirithe i dTábla 3 agus i bhFíor 8 agus 44% den ídiú. Úsáideach méid anaithnid teasa agus leictreachas i bhfoirgnimh chomh maith (arb ionann agus 6% breise é) agus tugtar 'méid anaithnid' air sin thuas.



### 3.4 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir fo-earnála agus modha

Tá na patrúin ídithe fuinnimh sna fo-earnálacha éagsúla léirithe i dTábla 4 agus i bhFíor 9.

**TÁBLA 4: MIONDEALÚ AR ÍDIÚ FUINNIMH DEIRIDH DE RÉIR FO-EARNÁLA & MODHA, DON BHLIAIN 2021**


Fo-earnáil	Ídiú fuinnimh deiridh		
	Teirmeach	Iompar	Leictreachas
	GWh	GWh	GWh
Státseirbhís	100	41	103
Comhlachtaí Stáit Tráchtála	790	1,251	409
Oideachas (gan scoileanna ná BOOnna san áireamh)	282	3	206
Sláinte	877	80	391
Ceartas agus Cosaint	153	163	94
Údaráis Áitiúla & Seirbhísí Uisce	271	219	853
Comhlachtaí Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhtráchtála	72	98	114
Scoileanna agus BOOnna	372	2	163
<b>Iomlán</b>	<b>2,916</b>	<b>1,858</b>	<b>2,334</b>

Tá na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as an ídiú fuinnimh sna fo-earnálacha seo léirithe i dTábla 5 agus i bhFíor 10.


**TÁBLA 5: MIONDEALÚ AR ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA DE RÉIR FO-EARNÁLA & MODHA, DON BHLIAIN 2021**

Fo-earnáil	GCTanna		
	Teirmeach	Iompar	Leictreachas
	ktCO <sub>2</sub>	ktCO <sub>2</sub>	ktCO <sub>2</sub>
Státseirbhís	20	11	37
Comhlachtaí Stáit Tráchtála	36	320	145
Oideachas (gan scoileanna ná BOOnna san áireamh)	58	1	73
Sláinte	191	20	139
Ceartas agus Cosaint	33	42	33
Údaráis Áitiúla & Seirbhísí Uisce	44	55	303
Comhlachtaí Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhtráchtála	15	25	41
Scoileanna agus BOOnna	84	0	58
<b>Iomlán</b>	<b>481</b>	<b>473</b>	<b>828</b>

**FÍOR 9: MIONDEALÚ AR ÍDIÚ FUINNIMH DEIRIDH DE RÉIR FO-EARNÁLA & MODHA, DON BHLIAIN 2021**




**FÍOR 10: MIONDEALÚ AR ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA DE RÉIR FO-EARNÁLA & MODHA, DON BHLIAIN 2021**



### 3.5 Príomhíditeoirí Fuinnimh

Ar an iomlán, b'ionann an t-ídiú fuinnimh deiridh iomlán sa bhliain 2021 as na deich n-íditheoir fuinnimh ba mhó agus 3,933 GWh, arbh ionann é agus 55% den ídiú iomlán a tuairiscíodh. Is ionann na 100 íditheoir fuinnimh ba mhó a thuairiscigh agus 88% den ídiú iomlán a tuairiscíodh.

#### FÍOR 11: MIONDEALÚ AR NA PRÍOMH-ÍDITHEOIRÍ FUINNIMH SA BHLIAIN 2021




### 3.6 An t-athrú ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí ón mbliain 2020 i leith

Ar an iomlán, tháinig méadú 234 GWh ar an ídiú fuinnimh deiridh san earnáil phoiblí, nó 3%, idir 2020 agus 2021, agus méadú 4% ar fhuinneamh teirmeach, 5% ar an gcóras iompair agus 1% ar leictreachas. Tháinig na hathruithe sin i ndiaidh laghdú 7% ar ídiú idir 2019 agus 2020, agus ba é sin an t-athrú bliantúil ba mhó ar fad ar an ídiú comhiomlán a thairfead an ÚFIÉ ó thosaigh sé ag rianú úsáid fuinnimh tríd an bpróiseas M&T. Tháinig athbhorradh faoi ídiú fuinnimh nuair a tháinig deireadh le cuid de shrianta COVID-19, agus is dócha gurbh sin ba chúis le cuid den mhéadú ar a laghad sa bhliain 2021<sup>16</sup>.

Léirítear i bhFíor 12 na hathruithe ar ídiú deiridh leictreachais, teirmeach agus iompair idir 2020 agus 2021, arna miondealú de réir fo-earnála. Tháinig méadú ar ídiú deiridh i ngach fo-earnáil seachas comhlachtaí stáit / gníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála, ar tháinig laghdú 1% orthusan.

Tháinig méadú 3% ar ídiú fuinnimh deiridh ar fud na hearnála poiblí idir 2020 agus 2021.

#### FÍOR 12: ATHRÚ AR ÍDIÚ FUINNIMH DEIRIDH DE RÉIR FO-EARNÁLA 2020-2021




<sup>16</sup> Cé gur tharla laghduithe ar an úsáid fuinnimh i bhformhór na gcomhlachtaí poiblí de dheasca COVID-19, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh tionchar difriúil ag an bpaideim ar na bunrudai a bhí taobh thiar d'úsáid fuinnimh in eagraíochtaí éagsúla.

Tháinig méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith idir 2020 agus 2021, le méadú 2% ar astaíochtaí teirmeacha agus méadú 6% ar astaíochtaí iompair. Cé nár tháinig ach méadú 1% ar idiú leictreachais, tháinig méadú 21% ar astaíochtaí leictreachais, toisc gur tháinig méadú 19% ar dhéine astaíochtaí chóras leictreachais na hÉireann idir 2020 agus 2021<sup>17</sup>. Le chéile, tháinig méadú 4% ar astaíochtaí teirmeacha agus iompair – nó astaíochtaí nach ó leictreachas iad.

Léirítear i bhFíor 13 na hathruithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a d'eascair as idiú leictreachais, teirmeach agus iompair idir 2020 agus 2021 sna fo-earnálacha éagsúla. Tháinig méadú ar astaíochtaí neamhleictreachais i ngach fo-earnáil seachas an earnáil sláinte agus comhlachtaí stáit / gníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála, ar tháinig laghdú 1% orthusan. Tháinig méadú ar astaíochtaí leictreachais agus astaíochtaí iomlán i ngach fo-earnáil.

Tháinig méadú 21% ar astaíochtaí leictreachais, cé nár tháinig ach méadú 1% ar idiú leictreachais, toisc gur tháinig méadú 19% ar dhéine astaíochtaí chóras leictreachais na hÉireann idir 2020 agus 2021.

**FÍOR 13: ATHRUITHE AR ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA DE RÉIR FO-EARNÁLA 2020-2021**



<sup>17</sup> Meascán de thréimhsí gaoithe laige sa bhliain 2021, níos lú báistí le haghaidh giniúint hidroleictreach agus dúnadh sealadach roinnt stáisiún giniúna gásadhainte ba chúis leis seo, rud a d'fhág gur tháinig méadú faoi thrí ar úsáid gual agus ola le haghaidh giniúint leictreachais in Éirinn, agus is breoslaí ar mó a lorg carbóin iad sin. Tá cur síos breise air seo ar fáil ag [www.seai.ie/news-and-media/interim-energy-balance-20](http://www.seai.ie/news-and-media/interim-energy-balance-20).


## 4. Spríoc Éifeachtúlachta Fuinnimh

### 4.1 Dul chun cinn i dtreo spríoc éifeachtúlachta fuinnimh 2030

Is ionann an feabhas iomlán ar éifeachtúlacht fuinnimh sa bhliain 2021 i gcomhlachtaí poiblí agus i scoileanna a chuir tuairiscí iomlána isteach agus 31%<sup>18</sup>. Is é seo an príomhtháscaire a úsáidtear chun feidhmíocht na hearnála a rianú in aghaidh na spríce éifeachtúlachta fuinnimh '50% faoi 2030'. Is ionann an feabhas seo agus 4,353 GWh d'fhuinneamh príomhúil nár ídiodh<sup>19</sup>.

Rianaítear sa ghráf i bhFíor 14 an dóigh a gcuirtear an coigilteas iomlán a baineadh amach gach bliain ó bhí 2009 ann i gcomparáid le spríoc 2030<sup>20</sup>. Léirítear ann go bhfuil toradh na bliana 2021 (31%) níos measa ná toradh na bliana 2020 (34%). Bhain roinnt cúinsí leis seo lena n-áirítear; athbhorradh faoi ídiú fuinnimh nuair a tháinig deireadh le roinnt shrianta COVID-19 agus méadú suntasach ar fhachtóirí tionaithe fuinnimh phríomhúil na hÉireann idir 2020 agus 2021<sup>17</sup>.

### FÍOR 14: FEABHAS AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH



### 4.2 Éifeachtúlacht fuinnimh de réir fo-earnála

Tá an miondealú ar fhuinneamh (príomhúil) nár ídiodh agus an feabhas céatadánach ar éifeachtúlacht fuinnimh de réir fo-earnála leagtha amach i dTábla 6. Léirítear sa bharrachairt i bhFíor 15 coigilteas céatadán do gach fo-earnáil.

TÁBLA 6: ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH DE RÉIR FO-EARNÁLA


Fo-earnáil	Fuinneamh (príomhúil) nár ídiodh	An t-athrú ar an táscaire feidhmíochta fuinnimh	Difear idir é agus an spríoc
	GWh	%	%
Státseirbhís	229	-39%	-11%
Comhlachtaí Stáit	1,257	-29%	-21%
Tráchtála			
Oideachas (gan scoileanna ná BOOna san áireamh)	572	-44%	-6%
Sláinte	434	-19%	-31%
Ceartas agus Cosaint	180	-25%	-25%
Údarás Áitiúla & Seirbhísí Uisce	1,190	-38%	-12%
Comhlachtaí Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamh-thráchtála	256	-40%	-10%
Scoileanna agus BOOna	235	-24%	-26%
<b>Iomlán</b>	<b>4,353</b>	<b>-31%</b>	<b>-19%</b>

18 Cuirtear i ríomh na dtorthaí sin coigeartuithe ar ídiú na n-údarás áitiúla a bhaineann le gnó mar is gnách agus a chuireann aistriú seirbhísí uisce go hUisce Éireann san áireamh.

19 Riomhadh é trí ídiú fuinnimh phríomhúil iarbhrí 2021 gach eagraíochta a dhealú ó na n-ídiú fuinnimh phríomhúil a bhaineann le gnó mar is gnách. Is ionann an t-ídiú a bhaineann le gnó mar is gnách agus an méid a d'úsáidfeadh gach comhlacht poiblí sa bhliain 2021 mura mbeadh na gnóthachain éifeachtúlachta a tuairiscíodh bainte amach acu ó leagadh síos bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh dóibh.

20 Leagtar amach sa chairt seo, agus i gcairteacha eile dá leithéid sa tuarascáil seo, feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh mar laghduithe i dtáscaire feidhmíochta fuinnimh, i.e. ciallaíonn luachanna díultacha coigiltis. A mhalairt de scéal a bhí i leaganacha den tuarascáil roimhe seo. Léirítear feabhsuithe mar luachanna díultacha anois, agus rinneadh an t-athrú seo chun go mbeadh sé níos fusa torthaí éifeachtúlachta fuinnimh a thuiscint, agus iad leagtha amach taobh le hastaíochtaí gás ceaptha teasa in áiteanna eile sa tuarascáil. Tá coigilteas astaíochtaí ar fad léirithe mar laghduithe.

**FÍOR 15: DUL CHUN CINN I DTREO NA SPRICE ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH DE RÉIR FO-EARNÁLA**



## 5. Spriocanna Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

### 5.1 Dhá sprioc 2030

B'ionann an t-ídiú fuinnimh a thuairiscigh an earnáil phoiblí don bhliain 2021 agus 1,782 ktCO<sub>2</sub> d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhain le fuinneamh. Chuimsigh sé seo 954 ktCO<sub>2</sub> d'astaíochtaí neamhleictreachais agus 828 ktCO<sub>2</sub> d'astaíochtaí leictreachais.

Tá dhá sprioc laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa ag gach eagraíocht san earnáil phoiblí don bhliain 2030 – sprioc astaíochtaí neamhleictreachais agus sprioc astaíochtaí iomlána. Tá achoimre ar an dá cheann sa téacs i mbosca.

### 5.2 Dul chun cinn i dtreo na sprice astaíochtaí neamhleictreachais

Tá astaíochtaí neamhleictreachais iarbhír na hearnála ó bhí 2013 ann léirithe i bhFíor 16, agus iad roinnte ina dhá chuid – teirmeach agus iompar Níor tháinig mórán athruithe ar phróifíl na n-astaíochtaí ó bhí 2013 ann.

Léirítear sa chairt freisin an bhonnline astaíochtaí neamhleictreachais, arna ríomh don earnáil, is é sin 981 ktCO<sub>2</sub>. Ar an mbonn seo, caithfidh an earnáil phoiblí a n-astaíochtaí neamhleictreachais a laghdú 500 ktCO<sub>2</sub> óna bonnline chun sprioc 2030 de 481 ktCO<sub>2</sub><sup>22</sup> a bhaint amach. Faoin mbliain 2021, níor tháinig ach laghdú 27 ktCO<sub>2</sub> ar astaíochtaí neamhleictreachais na hearnála, nó 3%, ó leagadh síos an bhonnline.

Caithfidh an earnáil phoiblí a n-astaíochtaí neamhleictreachais a laghdú 500 ktCO<sub>2</sub> óna bonnline chun sprioc 2030 de 481 ktCO<sub>2</sub> a bhaint amach. Faoin mbliain 2021, níor tháinig ach laghdú 27 ktCO<sub>2</sub> ar astaíochtaí neamhleictreachais na hearnála, nó 3%, ó leagadh síos an bhonnline.

### Spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa 2030 – príomhphointí modheolaíochta

- Tá dhá sprioc laghdaithe astaíochtaí ag gach eagraíocht na hearnála poiblí, don bhliain 2030.
- Déantar an dá cheann acu a ríomh ar bhonn laghdaithe iomlána ar astaíochtaí ó thréimhse bonnline gás ceaptha teasa eagraíochta i leith, i.e. ní dhéantar aon choigeartú maidir le hathruithe ar leibhéil ghníomhaíochta, ar leibhéil seirbhíse nó ar dhéimeagrafaic.
- Is é 2016–2018 (meán) an tréimhse bhonnline don dá sprioc astaíochtaí.
- Baineann an chéad sprioc le hastaíochtaí neamhleictreachais na heagraíochta: ní mór do gach eagraíocht a hastaíochtaí neamhleictreachais a laghdú 51% faoin mbliain 2030.
- Baineann an dara sprioc le hastaíochtaí iomlána na heagraíochta a bhaineann le fuinneamh: is ionann sprioc astaíochtaí iomlána gach eagraíochta do 2030, i dtonnaí, agus a sprioc astaíochtaí neamhleictreachais do 2030 móide a hastaíochtaí leictreachais ag a bonnline gás ceaptha teasa lúide an laghdú réamh-mheasta ar astaíochtaí ó thaobh an tsoláthair as leictreachas faoin mbliain 2030, i dtonnaí.

Cuirtear bonnlínte agus spriocanna astaíochtaí gach comhlachta phoiblí san áireamh i gcuid 6<sup>21</sup>. Tá na háirimh atá mar bhonn le spriocanna gach comhlachta phoiblí, agus cairteacha mínithe, ar fáil do chomhlachtaí poiblí le híoslódáil i bhformáid scarbhileoige ón gcóras M&T.


Tá cur síos mion ar an modheolaíocht seo ar fáil i gcáipéis *threorach modheolaíochta M&T-2030* an ÚFIÉ.

21 Tá na háirimh bhonnline agus sprice seo bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh don ÚFIÉ le linn thimthriall tuairiscithe na bliana 2021. Mionchoigeartófar na luachanna ríofa de réir mar a thagann sonraí níos fearr ar fáil.

22 Tá an t-áireamh bonnline agus sprice seo bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh don ÚFIÉ le linn thimthriall tuairiscithe na bliana 2021. Mionchoigeartófar na luachanna ríofa de réir mar a thagann sonraí níos fearr ar fáil.




### FÍOR 16: ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA NEAMHLEICTREACHAIS – Ó BHÍ 2013 ANN, BONNLÍNE AGUS SPRIOC GCT



Léirítear, i bhFíor 17, dáileadh na n-athruithe ar astaíochtaí neamhleictreachais ó leagadh síos bonnlíne gás ceaptha teasa. D'éirigh le 171 as na 345 comhlacht poiblí a thuiriscigh sonraí don ÚFIÉ<sup>23</sup> a gcuid astaíochtaí a laghdú faoin mbliain 2021,

ach tháinig méadú ar astaíochtaí as 142 comhlacht poiblí eile. Ní raibh aon astaíochtaí neamhleictreachais ag 32 comhlacht poiblí nuair a leagadh síos a mbonnlínte gás ceaptha teasa<sup>24</sup>.

### FÍOR 17: ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA NEAMHLEICTREACHAIS – DÁILEADH NA N-ATHRUITHE Ó LEAGADH SÍOS BONNLÍNE GCT




23 Níl scoileanna curtha san áireamh sa chairt seo.

24 Eagraíochtaí beaga oifigbhunaithe iad seo de ghnáth nach n-úsáideann ach leictreachas amháin, fiú le haghaidh téimh.

Léirítear i bhFíor 18 dul chun cinn i dtreo na sprice astaíochtaí neamhleictreachais gach fo-earnála mar athrú céatadánach ar a n-astaíochtaí neamhleictreachais ó leagadh síos bonnlíne

gás ceaptha teasa. Léirítear sa bhFíor seo chomh maith, sciar coibhneasta gach fo-earnála d'astaíochtaí, don bhliain 2021.

## FÍOR 18: DUL CHUN CINN I DTREO NA SPRICE ASTAÍOCHTAÍ NEAMHLEICTREACHAIS DE RÉIR FO-EARNÁLA



### 5.3 Dul chun cinn i dtreo na sprice astaíochtaí iomlána

Baineann astaíochtaí leictreachais chomh maith le hastaíochtaí neamhleictreachais leis an dara sprioc astaíochtaí. Léirítear i bhFíor 19 na hastaíochtaí iomlána iarbhir ó bhí 2013 ann, agus iad roinnte idir leictreachas, teirmeach agus iompar. Is é dhícharbónú ar sholáthar leictreachais na hÉireann an phríomhchúis leis an laghdú ar astaíochtaí iomlána ó bhí 2013 ann, i.e. tháinig laghdú orthu toisc gur éirigh an córas leictreachais 'níos glaine' idir an tréimhse bhonnlíne agus 2021, cé gur tháinig méadú suntasach ar dhéine astaíochtaí chóras leictreachais na hÉireann idir 2020 agus 2021.


Is é 2,075 ktCO<sub>2</sub> an bhonnlíne astaíochtaí iomlána a ríomhadh don earráil. Ar an mbonn seo, ní mór don earráil phoiblí a hastaíochtaí iomlána a laghdú 1,347 ktCO<sub>2</sub>, nó thart ar 65%<sup>25</sup>, ó leibhéal a bonnlíne chun a sprioc astaíochtaí iomlána de 728 ktCO<sub>2</sub> a bhaint amach faoin mbliain 2030. Tá an ÚFÍÉ ag súil go mbeidh laghdú 847 ktCO<sub>2</sub> mar thoradh ar dhícharbónú ar leictreachas ar thaobh an tsoláthair, idir an tréimhse bhonnlíne agus 2030<sup>26</sup>. Faoin mbliain 2021, níor tháinig ach laghdú 293 ktCO<sub>2</sub>, ar astaíochtaí iomlána na hearnála, nó 14%, ó leagadh síos an bhonnlíne.

Tá dul chun cinn gach fo-earnála i dtreo na sprice astaíochtaí iomlána léirithe i bhFíor 20 mar athrú céatadánach ar a n-astaíochtaí iomlána ó leagadh síos bonnlíne gás ceaptha teasa. Léirítear sa bhFíor seo chomh maith, sciar coibhneasta gach fo-earnála d'astaíochtaí, don bhliain 2021.

<sup>25</sup> Seo é an laghdú céatadánach comhiomlán don earráil phoiblí ar fad. Braitheann an laghdú céatadánach a theastaíonn ó gach eagraíocht na hearnála poiblí chun a sprioc astaíochtaí iomlána a bhaint amach ar na cineálacha fuinnimh a úsáideann siad ag a mbonnlíne gás ceaptha teasa. Tá áireamh bonnlíne agus sprice gach eagraíochta ar fáil le híoslódáil i bhformáid scarbhileoige ón gcóras M&T.

<sup>26</sup> Measann an ÚFÍÉ go bhféadfai líonra leictreachais na hÉireann a dhícharbónú 77% idir 2016-18 (meán) agus 2030 – de réir mar a chuirtear deireadh le húsáid breoslaí iontaise chun cumhacht a ghiniúint.


### FÍOR 19: ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA IOMLÁNA – Ó BHÍ 2013 ANN, BONNLÍNE AGUS SPRIOC GCT



Ní hionann an laghdú céatadánach a theastaíonn ó gach fo-earnáil chun a sprioc comhiomlán maidir le hastaíochtaí iomlána a bhaint amach. Braitheann an céatadán ar chineálacha an fhuinnimh a úsáideann gach fo-earnáil ag an mbonnlíne gás ceaptha teasa. Sin é an chúis gur féidir le fo-earnálacha a

bhfuil sciar níos airde d'ídiú fuinnimh bonnlíne as leictreachas acu a bheith ag súil le leas níos mó a bhaint as laghduithe ar astaíochtaí ar thaobh an tsoláthair ná mar a bheidh siad siúd a úsáideann sciar níos mó de bhreoslaí iontaise, agus a mhalairt<sup>27</sup>.

### FÍOR 20: DUL CHUN CINN I DTREO NA SPRICE ASTAÍOCHTAÍ IOMLÁNA DE RÉIR FO-EARNÁLA



27 Baineann an prionsabal seo freisin le ríomh na spriocanna d'eagraíochtaí aonair na hearnála poiblí.


## 5.4 Taisteal ar ghnó

Níl an t-ídiú fuinnimh a bhaineann le taisteal ar ghnó<sup>28</sup> laistigh de scóip na sprice éifeachtúlachta fuinnimh don bhliain 2030 ná laistigh de na spriocanna astaíochtaí don bhliain 2030. Mar sin féin, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí sonraí bliantúla faoi thaisteal ar ghnó a thuairisciú don ÚFIÉ ón mbliain 2021 ar aghaidh.

Tá na sonraí atá curtha ar fáil i gcuid 5.4 bunaithe ar thuairiscí a fuarthas ó 283 comhlacht poiblí.

Ar an iomlán, thuairiscigh na comhlachtaí poiblí seo breis agus 185 milliún ciliméadar de thaisteal ar ghnó i mótarfheithiclí príobháideacha sa bhliain 2021. Tá miondealú de réir fo-earnála ar an taisteal seo ar fáil i bhFíor 21.


### FÍOR 21: MIONDEALÚ AR THAISTEAL AR GHNÓ I MÓTARFHEITHICLÍ PRÍOBHÁIDEACHA



- Státseirbhís
- Comhlachtaí Stáit
- Oideachas (gan scoileanna ná BOOnna san áireamh)
- Ceartas agus Cosaint
- Údaráis Áitiúla & Seirbhísí Uisce
- Comhlachtaí Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála

Chomh maith leis sin, thuairiscigh na 283 comhlacht poiblí sin 15,743 eitilt aonair, sa bhliain 2021. Tá miondealú de réir fo-earnála ar na heitiltí seo ar fáil i bhFíor 22.

### FÍOR 22: MIONDEALÚ AR AERTHAISTEAL AR GHNÓ (LÍON NA N-EITILTÍ), DE RÉIR FO-EARNÁLA



- Státseirbhís
- Comhlachtaí Stáit
- Oideachas (gan scoileanna ná BOOnna san áireamh)
- Ceartas agus Cosaint
- Údaráis Áitiúla & Seirbhísí Uisce
- Comhlachtaí Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála

Iarradh ar chomhlachtaí poiblí freisin sonraí a thuairisciú maidir le líon na gciliméadar a taistealaíodh ar mhodhanna éagsúla iompair tráchtála agus phoiblí, sa bhliain 2021. Murab ionann agus sonraí faoi thaisteal i mótarfheithiclí príobháideacha agus ar aerlínte tráchtála, ar sonraí iad a ndéanann comhlachtaí poiblí taifeadadh orthu de ghnáth ar chúiseanna eile<sup>29</sup>, ní gnách go mbíonn sonraí faoin achar a taistealaíodh ar chineálacha eile iompar ar fáil go héasca d'eagraíochtaí. Glacann an ÚFIÉ leis gur gá trádmhalartú a dhéanamh idir an leibhéal iarrachta a theastaíonn chun na sonraí seo a bhailiú agus luachanna na sonraí sin. Tugtar spreagadh do chomhlachtaí stáit chun díriú ar shonraí láidir a bhailiú faoi thaisteal ar iompar tráchtála agus poiblí, modhanna lena mbaineann an chuid is mó d'astaíochtaí a n-eagraíochta as taisteal ar ghnó. Ar an ábhar seo, creideann an ÚFIÉ go bhfuil seans ann go bhfuil na sonraí iarbhir faoi thaisteal ar an gcóras iompair tráchtála agus phoiblí sa bhliain 2021 níos airde ná na sonraí a thuairiscigh na 283 comhlacht poiblí faoi na modhanna taistil sin.


28 Bíonn taisteal ar ghnó i gceist nuair a théann daoine ó áit oibre amháin go háit oibre eile mar chuid dá gcúraimí poist. Ní áirítear leis seo taisteal chuig gnátháit oibre an duine nó taisteal abhaile, i.e. comaitéireacht. Sin é taisteal príobháideach an duine agus ní turas gnó é.

29 Mar shampla, coimeádtar na hacair a taistealaíodh i mótarfheithiclí príobháideacha ar taifead chun costais taistil a aisíoc le baill foirme.

Tugtar miondealú i bhFíor 23 ar an taisteal a tuairiscíodh, i gciliméadair in aghaidh an phaisinéara, de réir fo-earnála.


Tugtar miondealú i bhFíor 24 ar na sonraí céanna de réir modha iompair phoiblí.

**FÍOR 23: MIONDEALÚ AR THAISTEAL AR GHNÓ AR IOMPAR TRÁCHTÁLA AGUS POIBLÍ, DE RÉIR FO-EARNÁLA**



- Státseirbhís
- Comhlachtaí Stáit
- Oideachas (gan scoileanna ná BOOnna san áireamh)
- Ceartas agus Cosaint
- Údaráis Áitiúla & Seirbhísí Uisce
- Comhlachtaí Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála

**FÍOR 24: MIONDEALÚ AR THAISTEAL AR GHNÓ AR AN GCÓRAS IOMPAIR TRÁCHTÁLA & PHOIBLÍ, DE RÉIR MODHA**



- Taxi
- Bus
- Iarnród
- Bád Farantóireachta

## Dul Chun Cinn á Dhéanamh

Léirítear leis na sonraí a cuireadh isteach coigilteas a baineadh amach trí na mílte beart éifeachtúlachta a chur chun feidhme. Bhain 23% de na bearta a tuairiscíodh le soilsiú, 12% le tionscadail téimh, 9% le huasghrádú ar struchtúr foirgneamh agus 12% le feabhsuithe ar bhainistíocht fuinnimh sna foirgnimh. Bhain 23% eile le tionscadail i scoileanna. Is éard atá sna tionscadail a léirítear ar na leathanaigh seo rogha den 5,100 tionscadal a tuairiscíodh don ÚIFE sa bhliain 2021. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar an leibhéal foriomlán tuairiscithe ar thionscadail, tá go leor de na bearta éifeachtúlachta fós ar scála measartha beag.



## 137,000 kWh

### Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS)

Shuiteáil TUS córas fótavoltach gréine 166 kWp (PV) ar an bpríomhfoirgneamh ag a Champas Mhaoilis i Luimneach, mar chuid de thionscadal uasghrádaithe éifeachtúlachta fuinnimh níos leithne sa bhliain 2021. Gineann an córas seo leictreachas in-athnuaite ar an gcampas agus tá laghdú 137,000 kWh in aghaidh na bliana ar an éileamh ar an líonra dá bharr sin. Suiteáladh 370 painéal PV san iomlán ar fhráma feistithe ballasta atá claonta ar uillinn 10 gcéim. Clúdaíonn an fearas 740 m<sup>2</sup> de dhíon an fhoirgnimh (7 gcuid de). B'ionann an méid leictreachais a ghin an córas in-athnuaite seo agus 21% den ídiú leictreachais iomlán don fhoirgneamh nuair a bhí an ghiniúint ina buaic le linn mhí Lúnasa seo caite.



## 500,000 kgCO<sub>2</sub>

### BSL

Rinne BSL iarfheistiú domhain ag a iosta i bhFionnghlas, sa bhliain 2021. Suiteáladh córas nua ardéifeachtúil aerchóirithe galaithe dhíreach, a úsáideann teicneolaíocht teaschaidéil. Bhain na hoibreacha seo le gach aonad láimhseála aeir (AHUanna), le ductobair, le téitheoirí leictreacha, le cadhnaí, agus le haonaid toirte aeir (VAV) a raibh a ré caite. Suiteáladh rialtáin nua teasa agus fuaraithe a úsáideann an teicneolaíocht aisghabhála teasa is déanaí agus cuireann siad seo leis an gcóras thuasluaite. Chomh maith leis sin, uasghrádaíodh na soilse lasmuigh agus laistigh de na foirgnimh go cinn LED atá níos tíosai ar fhuinneamh. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú 1,000,000 kWh ar fhuinneamh in aghaidh na bliana i gcomparáid le bonnlíne 2018 mar thoradh ar an tionscadal, rud a chiallaíonn coigilteas astaíochtaí de 500,000 kgCO<sub>2</sub> in aghaidh na bliana.



## 34,000 kgCO<sub>2</sub>

### An tÚdarás Náisiúnta Iompair / Bus Éireann

I mí Iúil 2021, cheannaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) trí cinn de na chéad bhusanna leictreacha dhá stór ar domhan a fheidhmíonn ar chealla breosla agus hidrigin, agus cuireadh i seirbhís iad ar an mbealach de chuid Bhus Éireann idir Baile Átha Cliath agus Ráth Tó, Contae na Mí. Thaiséal na trí bhus breis agus 40,000 km san iomlán faoi dheireadh na bliana 2021, agus níor úsáid siad ach 2,300 kg hidrigin sna cealla breosla acu chun na príomhcadhnaí cumhachta leictreacha a luchtú. Bheadh tuairim is 13,000 lítear díosail idithe ag gnáthbhusanna díosail chun an t-achar céanna a thaiséal ar na bealaí céanna. Is ionann sin agus thart ar 34,000 kgCO<sub>2</sub> d'astaíochtaí a seachnaíodha bhui leis na trí bhus sin thar thréimhse níos lú ná 5 mhí. Bhí an teicneolaíocht thar a bheith iontaofa le linn na céime píolótaí, agus níor ídiú níos mó hidrigin ná mar a bhíodhas ag súil leis. Fuarthas aiseolas an-dearfach faoi na busanna ó phaisinéirí agus ó thiománaithe maidir le buntáistí don timpeallacht, maidir le leibhéal torainn níos lú agus maidir le sábháilteacht agus feidhmíocht na mbusanna.



## 69,000 kgCO<sub>2</sub>

### Comhairle Contae Chill Mhantáin

Suiteáladh carrfort gréine 300 kWp ag ceanncheathrú Chomhairle Contae Chill Mhantáin i mBaile Chill Mhantáin sa bhliain 2021, agus gineann sé fuinneamh in-athnuaite le húsáid i bhfoirgnimh na comhairle. Baineann an tionscadal nuálach seo úsáid as an spás atá ar fáil ag an suíomh cheana féin agus is é an carrfort gréine is mó in Éirinn é, a chlúdaíonn 107 spás páirceála do charranna agus é d'achar dromchla thart ar 1,600 m<sup>2</sup>. Mar thoradh ar an tionscadal, spárladh méid fuinnimh a bhí comhionann le breis agus 69,000 kgCO<sub>2</sub> d'astaíochtaí agus tacaíonn sé leis an gcomhairle chun a spriocanna gníomhaíthe ar son na haeráide a bhaint amach.







# €98,000

## Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Réitigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an bealach do dlr Leisure chun Conradh Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) a shíniú sa bhliain 2021, le haghaidh tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh ag Ionad Fóillíochta Shruthán na Cluana, ag Ionad Fóillíochta Bhaile Uí Lachnáin agus ag Ionad Fóillíochta Bhaile na Manach. Áiríodh leis na hoibreacha seo córas nua cumhachta agus teasa in éineacht a shuiteáil, chomh maith le huasghrádú ar shoilsiú lasmuigh a bhí ann cheana féin, agus feabhsuithe ar chórais bainistíochta foirgneamh, téimh, aerála agus scagacháin linnte. Tá sé i gceist gur conradh ocht mbliana a bheidh ann, agus meastar go sábhálfar 1,500,000 kWh d'fhuinneamh agus 318,000 kgCO<sub>2</sub> in aghaidh na bliana, arb ionann é agus 24% den idió fuinnimh iomlán. Meastar go sábhálfar os cionn €98,000 in aghaidh na bliana ar chostais iomlána, sin laghdú 31% ar chostais.



# 1,398,000 kWh

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bhain an Roinn Coimirce Sóisialaí deimhniú ISO 50001 amach dá córas bainistíochta fuinnimh i mí an Mheithimh 2021, agus ba í an chéad roinn rialtais a rinne an t-éacht seo. Thug an Roinn faoi thionscadail éagsúla chun feidhmíocht fuinnimh a bharrfheabhsú, amhail córais soilsithe a uasghrádú go soilse LED, córais níos éifeachtúla teasa agus fuaraithe a shuiteáil, agus foirgnimh a iarfheistiú. Tugadh oifigí le chéile mar aon oifig amháin nuair ab fhéidir, d'fhonn idió fuinnimh a laghdú. Bunaíodh foirne glasa d'fhonn feasacht agus oiliúint ar cheisteanna inbhuanaitheachta a chur chun cinn i measc ball foirne. Tháinig laghdú 6% ar idió fuinnimh sa bhliain 2021 arb ionann é agus coigilteas 1,398,000 kWh i gcomparáid le figiúr na bliana 2020.



# 113,000 kWh

## Scoil Náisiúnta Chorr na Fola

Roghnaíodh Scoil Náisiúnta Chorr na Fola trí Chlár Pathfinder na hEarnála Poiblí 2021, le haghaidh iarfheistiú domhain. Táthar ag súil go mbainfear Rátáil Fuinnimh B sna Foirgnimh amach nuair a bheidh na huasghráduithe curtha i gcrích, chomh maith le feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 50% ar astaíochtaí. Rinneadh oibreacha ar struchtúr na bhfoirgneamh lena n-áirítear; cuasbhallaí, ballaí lasmuigh agus áiléir a insliú, doirse agus fuinneoga nua a chur isteach agus na foirgnimh a dhéanamh níos aerdhíonaí. Suiteáladh radaitheoirí nua ar fud na bhfoirgneamh chomh maith le teirmeastait sna seomraí agus córas bainistíochta foirgneamh (BMS) a rialaíonn go paiteanta. Suiteáladh aonaid aerála meicniúla le haisghabháil teasa chomh maith. Maidir leis an gcóras téimh, suiteáladh dhá theaschaidéal nua agus coire gáis sa bhreis le húsáid mar chúltaca de réir mar is gá. Baineann feidhm nua leis an gcóras nua soilsithe – rialú a fhreagraíonn d'áitíocht agus do sholas an lae. Suiteáladh painéil fhótavoltach gréine (PV) agus pointí luchtaithe d'fheithicil leictreacha chomh maith. Meastar gur sábháladh 113,000 kWh d'fhuinneamh in aghaidh na bliana, mar thoradh ar an tionscadal, arb ionann é agus coigilteas astaíochtaí de 29,000 kgCO<sub>2</sub>.



# 6,000,000 kgCO<sub>2</sub>

## Ospidéal San Séamas

Shínigh Ospidéal San Séamas conradh nua feidhmíochta fuinnimh (EPC) ag deireadh na bliana 2020, le tacaíocht ó Chiste Carbóin agus Fuinnimh na hÉireann (CEFI). Sábhálfar luach cinnte €26 milliún ar fhuinneamh agus ar oibríocht thar 20 bliain mar thoradh ar an gconradh seo, le laghdú measta 6,000,000 kgCO<sub>2</sub> d'astaíochtaí in aghaidh na bliana. Faoi dheireadh na bliana 2021, d'éascaigh an EPC clár um iarfheistiú domhain a chríochnú lena n-áirítear an dáileadh teirmeach a athrú ó chóras galbhunaithe go scéim téimh uisce the ar ísealteocht (LTHW) chomh maith leis na rudaí seo a leanas a shuiteáil; córas nua teasa agus cumhachta in éineacht 2 MWe (CHP), 7.5 MWh de choirí LTHW, córas bainistíochta foirgneamh (BMS) snáthoptaice le 80 fo-stáisiún, 20 aonad nua láimhseála air (AHU) nua, 2 fuaraitheoir lárnacha nua, chomh maith le tuairim is 10,000 solas LED nua, 170 caidéal nua ardéifeachtúla agus 30 aonad nua aerchóirithe ísealfhuinnimh a chur in áit na seancheann. Réitíonn na hoibreacha seo an bealach do thionscadail bhreise dícharbónaithe amach anseo.



## 6. I dTreo 2030

### 6.1 Feidhmíocht na nGrúpaí Roinne

Léirítear san anailís ar na sonraí a thuiriscigh 345 comhlacht poiblí agus 2,898 scoil gurb ionann an coigilteas bliantúil éifeachtúlachta fuinnimh sa bhliain 2021 agus gnóthachan éifeachtúlachta foriomlán de 31.5% ó leagadh síos an bhonnlíne. Faoin mbliain 2021, tháinig laghdú 2.7% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nár eascair as fuinnimh ó leagadh síos an bhonnlíne gás ceaptha teasa, agus tháinig laghdú 14.1% ar astaíochtaí iomlána.

Léirítear i bhFíor 25 staid gach grúpa roinne sa bhliain 2021 i gcomparáid le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh agus sprioc laghdaithe gás ceaptha teasa 2030.

#### Sonraí Mionsonraithe Breise

Tá sonraí mionsonraithe breise faoi na grúpaí roinne ar fáil i dtáblaí in Aguisín 1.

### FÍOR 25: FEIDHMÍOCHT NA ROINNE I GCOMPARÁID LE SPRIOCANNA 2030




Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF

- Táscaire feidhmíochta fuinnimh (éifeachtúlacht fuinnimh)
- GCTanna neamhleictreachais
- GCTanna iomlána
- Sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030
- Neamhleictreachas 2030 GHG target
- Sprioc GCT iomlán 2030

**FÍOR 25: FEIDHMÍOCHT NA ROINNE I GCOMPARÁID LE SPRIOCANNA 2030 (AR LEAN)**

Cuid den  
ídiú fuinnimh  
deiridh



Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF

- Táscaire feidhmíochta fuinnimh (éifeachtúlacht fuinnimh)
- GCTanna neamhleictreachais
- GCTanna iomlána
- Sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030
- Neamhleictreachas 2030 GHG target
- Sprioc GCT iomlán 2030

## 6.2 Feidhmíocht Chomhlachtaí Poiblí

Aithníonn an ÚFIÉ gur próiseas atriallach é próifíl iomlán fuinnimh agus astaíochtaí a chruthú d'eagraíochtaí agus glacfaidh sé am fad is atá comhlachtaí poiblí ag cur sonraí feabhsaithe isteach bliain i ndiaidh bliana. Tá an obair sin ar siúl.

Leanann an ÚFIÉ ag obair le comhlachtaí poiblí agus le scoileanna chun cáilíocht a gcuid sonraí a fheabhsú trí ábhair threorach, oiliúint agus seirbhísí tacaíochta saincheaptha a sholáthar.

Tá na comhlachtaí poiblí agus na scoileanna liostaithe mar seo a leanas:

### Comhlachtaí poiblí (gan scoileanna neamhspleácha san áireamh)

Tá na 345 <sup>30</sup> comhlacht poiblí a chuir tuairisc iomlán isteach chuig an ÚFIÉ faoin spriocdháta liostaithe i gcuid 6.2.1. Tá na gnéithe seo a leanas i ngach liosta:

- Ídiú fuinnimh an chomhlachta poiblí sa bhliain 2021 agus toradh a feidhmíochta fuinnimh don bhliain 2021. Tá an toradh feidhmíochta léirithe taobh le luachanna coigilte fuinnimh do gach bliain ó leagadh síos bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh don chomhlacht poiblí. Léiríonn sé seo a oiread agus atá feidhmíocht gach comhlachta poiblí, sa bhliain 2021, imithe ó threochtaí seanbhunaithe mar thoradh ar thionchair na paindéime.
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa neamhleictreachais an chomhlachta poiblí ag a bhonnlíne GCT, agus sa bhliain 2021, a spriocluach don bhliain 2030 agus an t-athrú ar astaíochtaí neamhleictreachais ó leagadh síos an bhonnlíne <sup>31</sup>. Léirítear freisin an t-athrú bliantúil ar astaíochtaí neamhleictreachais do gach bliain ó leagadh síos bonnlíne GCT an chomhlachta poiblí.
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa neamhleictreachais an chomhlachta poiblí ag a bhonnlíne GCT agus sa bhliain 2021, a spriocluach don bhliain 2030 agus a athrú ar astaíochtaí iomlána ó leagadh síos a bhonnlíne <sup>31</sup>. Léirítear

freisin an t-athrú bliantúil ar astaíochtaí iomlána do gach bliain ó leagadh síos bonnlíne GCT an chomhlachta poiblí.

- Nótaí breise ón ÚFIÉ faoi na sonraí a cuireadh isteach.

### Comhlachtaí Poiblí nár Thuairiscigh

Tá na comhlachtaí poiblí nár thuairiscigh liostaithe in ord aibítire i gcuid 6.2.2.

### Scoileanna Neamhspleácha

Is ionann na 2,898 scoil neamhspleácha a chuir tuairiscí iomlána isteach chuig an ÚFIÉ faoin spriocdháta agus 5% den ídiú fuinnimh iomlán a tuairiscíodh. Tá siad liostaithe in iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo, atá ar fáil ag [www.seai.ie/publicsectorreport](http://www.seai.ie/publicsectorreport).

### Sonraí Mionsonraithe Breise

Foilsíonn an ÚFIÉ sonraí fuinnimh na hearnála poiblí ar líne, lena n-áirítear sonraí mionsonraithe i ndáil le hídiú fuinnimh agus feidhmíochta ar leibhéal na heagraíochta, agus bunachar sonraí de thionscadail spárála fuinnimh. Tá sé seo ar fáil ag [www.seai.ie/publicsectorreport](http://www.seai.ie/publicsectorreport).

30 Lena n-áirítear 800na ach gan scoileanna neamhspleácha san áireamh.

31 Tá na háirimh bhonnlíne agus sprice seo bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh don ÚFIÉ le linn thimthriall tuairiscithe na bliana 2021. Mionchoigeartófar na luachanna ríofa de réir mar a thagann sonraí níos fearr ar fáil.

## 6.2.1 Comhlachtaí poiblí (gan scoileanna san áireamh)

### LIOSTA NA GCOMHLACHTAÍ POIBLÍ A THUAIRSICIGH

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA							
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána			
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Sprioc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc
Amharclann na Mainistreach	1.5	2.0	-50%	+25%	167.9	209.1	82.3	+25%	419.9	370.4	139.3	-12%
Ability West	3.0	3.9	-50%	-2%	417.3	593.4	204.5	+42%	613.4	833.1	248.0	+36%
Údarás Uchtála na hÉireann	<0.1	0.2	-50%	-47%	0.0	0.0	0.0		37.4	31.7	8.5	-15%
AHEAD	<0.1	<0.1	-50%	-47%	0.9	0.8	0.4	-11%	1.9	1.3	0.7	-30%
An Bord Pleanála	0.5	0.9	-50%	-53%	0.0	0.0	0.0		215.0	163.5	48.7	-24%
An Foras Teanga – Foras na Gaeilge	0.4	0.6	-50%	-30%	46.6	43.4	22.8	-7%	141.8	115.2	44.5	-19%
An Foras Teanga – Gníomhaireacht na hUltaise	<0.1	<0.1	-50%	-39%	0.0	0.0	0.0		15.8	10.5	3.6	-34%
An Garda Síochána	143.2	190.2	-50%	-29%	24,763.1	25,236.9	12,133.9	+2%	41,865.7	38,706.4	16,001.3	-8%
An Post	132.9	162.0	-50%	-31%	24,273.3	27,797.1	11,893.9	+15%	32,154.0	34,351.5	13,668.0	+7%
An Chomhairle Ealaíon <sup>2</sup>	<0.1	0.1	-50%		0.0	0.0	0.0		96.3	27.0	21.8	-72%
Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain	<0.1	0.1	-50%	+30%	5.5	15.1	2.7	+177%	17.7	22.5	5.5	+27%
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	6.2	9.5	-50%	-41%	834.2	678.7	408.8	-19%	2,480.2	1,717.0	780.3	-31%
Cuideachta Phort Bhá Bheanntaí (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe)	<0.1	<0.1	-50%	-56%	1.7	0.7	0.8	-60%	8.9	7.0	2.5	-22%

Nóta 2: D'aithin an SEAI gnéithe de na sonraí a cuireadh isteach ag an spriocdháta tuairiscithe arbh gá aghaidh a thabhairt orthu. B'fhéidir gur thug comhlacht poiblí aghaidh ar na gnéithe seo sular ríomhadh an toradh coigiltis a foilsíodh.

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA							
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána			
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Sprioc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc
Ospidéal Beaumont	43.8	63.2	-50%	-12%	4,910.7	5,309.4	2,406.2	+8%	12,365.2	11,654.0	4,090.1	-6%
Ionad Oideachais na Carraige Duibhe	<0.1	0.1	-50%	-47%	19.1	12.1	9.4	-37%	35.4	20.7	13.1	-42%
Bord Bia	0.1	0.3	-50%	-80%	1.7	0.1	0.8	-95%	102.9	49.5	24.0	-52%
Bord Iascaigh Mhara	2.6	3.9	-50%	+9%	260.3	312.6	127.5	+20%	1,052.1	774.3	305.4	-26%
Bord na Móna cpt <sup>6</sup>	62.5	48.3	-50%	-56%	14,888.1	12,998.8	7,295.2	-13%	20,326.5	17,068.3	8,528.2	-16%
Údarás Craolacháin na hÉireann	0.2	0.2	-50%	-46%	19.3	20.0	9.5	+4%	57.7	40.7	18.1	-29%
Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta Éireann CTR	35.0	42.7	-50%	-18%	6,284.4	7,714.8	3,079.4	+23%	8,160.0	9,215.2	3,504.4	+13%
Bus Éireann	275.4	307.1	-50%	-20%	74,738.6	70,377.3	36,621.9	-6%	77,025.1	72,075.2	37,138.3	-6%
Pobail Camphill (Éire)	6.4	8.1	-50%	-19%	1,098.9	1,104.6	538.5	+1%	1,654.9	1,514.8	664.8	-8%
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí	5.3	7.5	-50%	-35%	734.2	689.3	359.8	-6%	1,578.4	1,388.8	550.4	-12%
Comhairle Contae Cheatharlach <sup>3</sup>	7.5	11.4	-50%	-35%	838.0	863.9	410.6	+3%	2,808.7	2,195.7	855.7	-22%
Ionad Oideachais Chora Droma Rúisc	<0.1	<0.1	-50%	-32%	13.0	11.2	6.4	-14%	23.2	14.2	8.7	-39%
Seirbhísí Cairde Charraig an Lín	2.8	3.5	-50%	-29%	559.3	585.9	274.1	+5%	814.7	754.9	331.6	-7%
Bord Oideachais & Oilíúna an Chabháin & Mhuineacháin	6.7	10.0	-50%	-36%	793.2	658.6	388.6	-17%	2,017.2	1,680.3	667.1	-17%
Comhairle Contae an Chabháin <sup>3,6</sup>	7.9	12.5	-50%	-27%	836.3	903.2	409.8	+8%	3,219.9	2,456.9	948.6	-24%

**Nóta 3:** Áirítear le toradh gach údaráis áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísí uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní áirítear seirbhísí uisce ó shin i leith.

**Nóta 6:** Ní hionann scóip an idithe fuinnimh a comhairleadh do sprioc éifeachúlachta fuinnimh an chomhlachta poiblí seo agus uaidh sin a comhairleadh do sprioc astuithe gáis cheaptha teasa. Tá sé seo mar gheall ar na difríochtaí sa chóireáil mhodheolaíochta d'áiseanna giniúna leictreachais áirithe le haghaidh an dá sprioc. Tá aon neamhréireachtaí atá soiléir idir na luachanna léirithe don chomhlacht seo inchurtha ina leith.



Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA							
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána			
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Sprioc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc
Banc Ceannais na hÉireann	11.3	17.0	-50%	-65%	1,558.6	1,207.4	763.7	-23%	5,520.5	3,158.4	1,648.8	-43%
An Clinic Lárnach Íochláinteach	3.2	4.2	-50%	-36%	663.9	562.6	325.3	-15%	1,148.2	846.0	434.8	-26%
An Phríomh-Oifig Staidrimh	1.9	3.1	-50%	-49%	192.6	157.4	94.4	-18%	853.0	577.3	242.9	-32%
An Rialálaí Carthanais	<0.1	<0.1	-36%	-62%	0.0	0.0	0.0		16.4	8.6	3.7	-47%
Teach Bhaile an tSibhrigh	5.0	6.4	-50%	-11%	858.9	862.2	420.9	+0%	1,310.0	1,218.4	522.6	-7%
Cheshire Éire	4.5	5.7	-50%	-19%	989.3	899.4	484.8	-9%	1,448.1	1,178.9	587.9	-19%
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	0.9	1.4	-50%	-51%	97.1	105.1	47.6	+8%	351.1	252.9	104.8	-28%
Sláinte Leanaí Éireann (SLÉ)	36.1	50.6	-50%	-5%	4,730.1	4,779.7	2,317.7	+1%	9,779.3	9,346.0	3,459.5	-4%
Children's Sunshine Home/ Laura Lynn	0.8	1.1	-50%	-31%	147.8	127.3	72.4	-14%	269.1	208.9	99.9	-22%
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	0.5	0.8	-50%	-35%	32.7	56.0	16.0	+71%	163.0	144.8	45.8	-11%
Bord Oideachais & Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath	16.9	23.8	-50%	-21%	2,274.8	2,234.0	1,114.7	-2%	5,558.5	4,439.3	1,856.9	-20%
Comhairle Contae an Chláir <sup>3</sup>	19.4	29.3	-50%	-33%	2,055.1	2,262.9	1,007.0	+10%	6,645.6	5,616.4	2,044.6	-15%
Ionad Oideachais an Chláir	<0.1	0.1	-50%	-57%	22.4	17.2	11.0	-23%	38.9	22.6	14.7	-42%
Ospidéal Pobail an Chóibh	0.4	0.5	-50%	+0%	43.5	49.0	21.3	+13%	95.7	94.2	33.1	-1%
Coillte Teoranta	879.3	1,105.9	-50%	-18%	30,495.0	26,913.8	14,942.6	-12%	95,489.1	79,905.7	29,631.4	-16%
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	0.2	0.2	-50%	-50%	24.2	23.6	11.9	-2%	46.2	36.6	16.8	-21%

Nóta 3: Áirítear le toradh gach údarais áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísí uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní áirítear seirbhísí uisce ó shin i leith.



Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA							
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána			
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Spríoc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	0.2	0.4	-50%	-49%	0.0	0.0	0.0		125.1	71.6	28.2	-43%
An Coimisiún um Rialáil Iarnróid	<0.1	<0.1	-50%	-76%	6.2	16.7	3.1	+167%	19.1	16.7	5.8	-13%
An Coimisiún um Rialáil Fóntas	<0.1	0.2	-50%	-84%	0.0	0.0	0.0		76.1	30.2	17.2	-60%
Coimisinéirí Soilse na hÉireann	10.0	12.0	-50%	-45%	2,467.2	2,299.5	1,208.9	-7%	3,093.2	2,708.0	1,350.0	-12%
Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann	0.2	0.4	-50%	-58%	57.1	7.3	28.0	-87%	184.5	74.7	56.1	-60%
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	0.2	0.3	-50%	-75%	22.4	7.6	11.0	-66%	86.7	51.9	25.3	-40%
Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Leanaí	7.2	10.0	-50%	-4%	959.0	959.3	469.9	+0%	1,963.8	1,839.7	697.1	-6%
Fondúireacht Cope	12.3	16.3	-50%	-22%	2,133.5	2,076.2	1,045.4	-3%	3,576.6	3,130.6	1,372.3	-12%
Aerfort Chorcaí	7.5	12.6	-50%	-66%	806.3	530.5	395.1	-34%	4,195.3	2,308.9	1,159.3	-45%
Comhairle Cathrach Chorcaí <sup>3,6</sup>	34.1	52.4	-50%	-54%	4,052.4	3,309.2	1,985.7	-18%	10,840.0	10,076.1	3,516.6	-7%
Comhairle Contae Chorcaí <sup>3</sup>	45.4	70.0	-50%	-25%	5,361.0	5,458.6	2,626.9	+2%	19,097.6	13,647.5	5,726.7	-29%
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí	13.6	19.5	-50%	-24%	1,994.6	1,803.4	977.3	-10%	4,772.9	3,655.2	1,605.5	-23%
Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí	<0.1	0.1	-50%	+15%	12.9	11.4	6.3	-12%	37.1	21.8	11.8	-41%
CORU	0.2	0.3	-50%	-51%	13.6	31.2	6.7	+129%	40.7	59.5	12.9	+46%
An tSeirbhís Cúirteanna	23.0	33.4	-50%	-26%	2,671.8	2,900.2	1,309.2	+9%	7,189.0	6,242.1	2,334.3	-13%

**Nóta 3:** Áirítear le toradh gach údarás áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísí uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní áirítear seirbhísí uisce ó shin i leith.

**Nóta 6:** Ní hionann scóip an ídithe fuinnimh a comhairleadh do sprioc éifeachúlachta fuinnimh an chomhlachta poiblí seo agus uaidh sin a comhairleadh do sprioc astuithe gáis cheaptha teasa. Tá sé seo mar gheall ar na difríochtaí sa chóireáil mhodheolaíochta d'áiseanna giniúna leictreachais áirithe le haghaidh an dá sprioc. Tá aon neamhréireachtaí atá soiléir idir na luachanna léirithe don chomhlacht seo inchurtha ina leith.

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA									
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána					
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Spríoc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc		
Gailéaraí Ealaíne Crawford Corcaigh <sup>1</sup>	1.1	1.4	-50%		93.6	151.5	45.9	+62%		184.9	263.3	67.1	+42%	
Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt <sup>2</sup> ●	83.6	127.0	-50%	-53%	9,335.1	8,784.9	4,574.2	-6%		28,808.1	23,573.5	8,991.8	-18%	
An Coimisinéir Cosanta Sonraí	0.1	0.2	-50%	-82%	8.5	6.2	4.2	-28%		57.8	36.9	15.5	-36%	
Iníonacha na Carthanachta – Seirbhísí Leanaí agus Teaghlach	0.7	0.9	-50%	+0%	62.0	107.2	30.4	+73%		141.5	161.6	48.4	+14%	
Iníonacha na Carthanachta – Seirbhísí Míchumais Intleachta	15.4	19.9	-50%	-13%	2,391.4	2,520.5	1,171.8	+5%		3,976.7	3,701.8	1,529.5	-7%	
Fórsaí Cosanta	182.0	224.5	-50%	-27%	46,621.4	36,913.0	22,844.5	-21%		60,596.4	46,961.7	26,001.7	-23%	
An Chomhairle Fiacóireachta	<0.1	<0.1	-50%	-41%	3.3	10.1	1.6	+210%		8.6	10.2	2.8	+18%	
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	31.9	47.7	-50%	-38%	3,575.7	3,447.2	1,752.1	-4%		10,230.1	8,725.6	3,254.7	-15%	
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtithe agus Óige	1.2	1.8	-43%	-62%	76.4	142.8	37.4	+87%		277.5	332.3	83.7	+20%	
An Roinn Cosanta	2.0	3.1	-50%	-34%	175.9	121.5	86.2	-31%		771.1	496.5	220.8	-36%	
An Roinn Oideachais agus Scileanna <sup>7</sup>	4.8	7.3	-50%	-39%	521.1	493.4	255.4	-5%		1,697.6	1,344.4	522.1	-21%	
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	1.9	2.7	-50%	-62%	240.0	195.6	117.6	-19%		749.1	449.8	231.3	-40%	
An Roinn Airgeadais	5.6	10.4	-50%	+32%	114.8	117.1	56.2	+2%		2,095.0	1,888.0	504.9	-10%	

Nóta 1: Chuir comhlacht poiblí dóthain sonraí isteach chun toradh coigiltis do 2021 a ríomh; ach tá an toradh thar raon measta feidhmíochta fuinnimh dóchúlú agus teastaíonn fóirú.

Nóta 2: D'aithin an SEAI gnéithe de na sonraí a cuireadh isteach ag an spríocháta tuairiscithe arbh ghá aghaidh a thabhairt orthu. B'fhéidir gur thug comhlacht poiblí aghaidh ar na gnéithe seo sular ríomhadh an toradh coigiltis a foilsíodh.

Nóta 7: Áirítear feidhmíocht don Roinn Breisoideachais, agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA								
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána				
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Spríoc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	
An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála	4.6	7.2	-50%	-48%	350.0	437.9	171.5	+25%	1,654.1	1,321.9	465.9	-20%	
An Roinn Sláinte	2.0	3.1	-50%	-46%	353.7	204.1	173.3	-42%	749.0	568.4	263.4	-24%	
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht <sup>2</sup>	3.5	5.1	-50%	-31%	288.9	374.8	141.6	+30%	1,033.8	920.4	309.2	-11%	
An Roinn Dlí agus Cirt	6.0	8.9	-50%	-43%	677.2	680.0	331.8	+0%	2,133.5	1,617.8	660.5	-24%	
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	3.5	5.7	-43%	-52%	330.7	235.1	162.0	-29%	1,627.8	1,018.0	450.4	-37%	
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	0.2	0.3	-29%	-37%	32.9	34.4	16.1	+5%	64.3	57.0	24.3	-11%	
An Roinn Coimirce Sóisialaí	27.3	43.3	-50%	-44%	2,730.1	2,694.9	1,337.7	-1%	10,936.1	8,182.5	3,182.2	-25%	
Roinn an Taoisigh	2.3	3.3	-50%	-23%	225.4	170.6	110.4	-24%	639.6	503.7	204.5	-21%	
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	4.7	5.9	-50%	-47%	890.3	949.2	436.2	+7%	1,364.5	1,237.0	542.8	-9%	
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán	0.6	1.0	-50%	-92%	247.5	46.4	121.3	-81%	707.4	182.6	225.3	-74%	
An Roinn Iompair	28.8	33.6	-50%	-29%	5,727.3	6,757.9	2,806.4	+18%	6,877.6	7,571.9	3,065.8	+10%	
Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann	0.2	0.2	-50%	-36%	33.9	25.0	16.6	-26%	97.7	49.6	31.1	-49%	
An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach	1.7	2.7	-50%	-39%	327.6	181.5	160.5	-45%	1,022.0	489.5	317.4	-52%	
Comhairle Contae Dhún na nGall <sup>3</sup>	24.8	36.6	-50%	-45%	4,402.5	3,367.9	2,157.2	-24%	9,673.4	7,234.8	3,346.9	-25%	

Nóta 2: D'aithin an SEAI gnéithe de na sonraí a cuireadh isteach ag an spríocháta tuairiscithe arbh ghá aghaidh a thabhairt orthu. B'fhéidir gur thug comhlacht poiblí aghaidh ar na gnéithe seo sular ríomhadh an toradh coigiltis a foilsíodh.

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA							
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána			
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Sprioc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc
Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall	7.0	9.8	-50%	-14%	1,205.4	1,163.0	590.6	-4%	2,311.5	2,003.4	840.4	-13%
Ionad Oideachais Dhún na nGall	<0.1	<0.1	-50%	-29%	0.0	0.0	0.0		21.4	16.7	4.9	-22%
Cuideachta Phort Dhroichead Átha	0.4	0.6	-50%	-64%	89.9	73.7	44.0	-18%	156.1	123.9	59.1	-21%
Ionad Oideachais Dhroim Conrach	<0.1	0.1	-50%	-54%	9.9	9.1	4.9	-8%	31.0	17.6	9.6	-43%
Bord Oideachais & Oiliúna Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire	23.3	31.8	-50%	-39%	3,049.6	3,291.8	1,494.3	+8%	6,827.1	5,877.5	2,348.8	-14%
Bus Bhaile Átha Cliath	239.3	267.1	-50%	-24%	75,147.0	61,374.7	36,822.0	-18%	77,244.8	62,997.5	37,295.9	-18%
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath <sup>3</sup>	114.4	165.0	-50%	-41%	15,522.8	14,624.6	7,606.2	-6%	38,326.1	31,125.1	12,748.5	-19%
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	36.2	53.2	-50%	-56%	5,240.9	4,151.4	2,568.0	-21%	14,587.0	9,804.4	4,676.3	-33%
Ospidéal agus Scoil Déidliachta Bhaile Átha Cliath	1.3	2.0	-50%	-32%	140.5	125.4	68.8	-11%	479.8	369.4	144.8	-23%
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	0.8	1.4	-50%	-46%	54.8	59.5	26.8	+9%	359.1	264.3	95.8	-26%
Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath	10.7	13.8	-50%	-36%	2,451.1	2,094.7	1,201.0	-15%	3,870.4	2,961.9	1,518.2	-23%
Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar	<0.1	0.1	-50%	-44%	10.4	10.3	5.1	-1%	29.5	20.8	9.4	-29%
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	3.6	5.2	-50%	-23%	443.8	420.3	217.5	-5%	1,257.8	954.2	401.9	-24%

Nóta 3: Áirítear le toradh gach údaráis áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísi uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní áirítear seirbhísi uisce ó shin i leith.

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA							
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána			
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Sprioc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin <sup>3</sup>	22.3	36.3	-50%	-51%	2,490.8	1,790.0	1,220.5	-28%	11,061.8	6,796.9	3,151.4	-39%
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	9.7	12.7	-50%	-21%	1,165.3	1,217.0	571.0	+4%	2,687.9	2,126.9	915.8	-21%
An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES)	0.4	0.7	-50%	-43%	87.7	38.0	43.0	-57%	279.2	125.8	86.1	-55%
Seirbhísí Campais Oideachais <sup>4</sup>	<0.1	<0.1	-33%	-75%	0.0	0.0	0.0		18.2	11.4	4.2	-38%
Ionad Oideachais Thrá Lí <sup>1</sup>	<0.1	<0.1	-50%		4.7	6.1	2.3	+31%	16.6	10.6	5.0	-36%
EirGrid plc	3.1	5.4	-50%	-49%	164.5	133.7	80.6	-19%	1,483.6	997.7	377.8	-33%
Bord Soláthair an Leictreachais	70.5	95.4	-50%	-47%	13,524.0	12,236.9	6,626.7	-10%	24,684.7	19,746.2	9,148.2	-20%
Cumas Éireann	6.8	8.8	-50%	-71%	951.4	1,159.9	466.2	+22%	1,793.0	1,725.0	656.0	-4%
Fiontraíocht Éireann	2.4	4.2	-50%	-65%	200.9	132.4	98.5	-34%	1,392.4	768.0	366.9	-45%
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	2.6	3.8	-50%	-57%	315.7	219.8	154.7	-30%	848.5	612.7	275.0	-28%
Fáilte Ireland	1.0	1.8	-50%	-69%	98.3	47.9	48.2	-51%	811.4	335.4	208.9	-59%
An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean	0.3	0.4	-50%	+43%	18.1	42.0	8.9	+132%	27.1	75.0	10.9	+177%
Comhairle Contae Fhine Gall <sup>3</sup>	29.2	47.3	-50%	-42%	2,743.8	2,638.3	1,344.5	-4%	12,341.3	9,032.3	3,508.2	-27%
FOLD Éireann	1.3	1.7	-50%	-16%	199.7	207.7	97.8	+4%	346.1	319.9	130.7	-8%
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	<0.1	0.2	-50%	-85%	21.8	0.0	10.7	-100%	177.4	35.2	44.5	-80%

**Nóta 1:** Chuir comhlacht poiblí dóthain sonraí isteach chun toradh coigiltis do 2021 a ríomh; ach tá an toradh thar raon measta feidhmíochta fuinnimh dóchúlú agus teastaíonn fóirú.

**Nóta 3:** Áirítear le toradh gach údarás áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísí uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní áirítear seirbhísí uisce ó shin i leith.

**Nóta 4:** Tá an toradh a ríomhadh don chomhlacht poiblí thar raon feidhmíochta fuinnimh dóchúlú a bhí measta. D'fhéadfadh sé gur tharla sé sin, áfach, mar gheall ar imthosca eisceachtúla de dheasca thionchar COVID-19 ar fheidhmíocht fuinnimh.

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA								
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána				
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Spríoc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	
Saotharlann Fóiréinseolaíochta	1.0	1.7	-50%	-36%	49.4	69.0	24.2	+40%	257.9	316.8	71.4	+23%	
Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann	0.3	0.3	-50%	-51%	90.8	61.7	44.5	-32%	103.8	68.1	47.4	-34%	
Comhairle Cathrach na Gaillimhe <sup>3</sup>	13.3	20.0	-50%	-40%	1,432.5	1,589.1	701.9	+11%	4,803.6	3,800.2	1,463.9	-21%	
Comhairle Contae na Gaillimhe <sup>3</sup>	16.5	23.8	-50%	-41%	2,866.3	2,370.2	1,404.5	-17%	6,342.8	4,728.9	2,188.6	-25%	
Ionad Oideachais na Gaillimhe	<0.1	<0.1	-50%	-51%	24.8	21.5	12.2	-14%	31.0	21.5	13.4	-31%	
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo	8.4	11.9	-50%	-37%	1,159.5	1,154.1	568.1	-0%	2,896.1	2,222.7	959.7	-23%	
Bord Oideachais & Oilíúna na Gaillimhe-Ros Comáin	8.8	12.7	-50%	-34%	1,179.6	1,254.9	578.0	+6%	2,853.8	2,471.6	956.9	-13%	
Cigireacht an Gharda Síochána	<0.1	<0.1	-50%	-51%	12.1	9.8	5.9	-19%	21.3	13.7	8.0	-36%	
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	0.7	1.0	-50%	-56%	98.2	68.4	48.1	-30%	244.1	199.5	81.2	-18%	
Lionraí Gáis Éireann	6.2	8.9	-50%	-52%	892.7	866.2	437.4	-3%	2,252.5	1,748.2	744.0	-22%	
Good Shepherd Corcaigh	0.3	0.4	-50%	-27%	27.2	43.8	13.3	+61%	95.7	72.7	28.8	-24%	
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	0.1	0.2	-50%	-89%	26.6	20.9	13.0	-21%	53.0	28.6	19.0	-46%	
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	0.4	0.9	-50%	-37%	1.8	0.3	0.9	-81%	188.5	156.0	43.3	-17%	
An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte	0.7	1.1	-50%	-63%	59.5	73.0	29.2	+23%	356.1	199.1	95.8	-44%	
An Chomhairle Oidhreachta	<0.1	<0.1	-50%	-72%	21.6	14.3	10.6	-34%	40.7	14.3	14.9	-65%	

Nóta 3: Áirítear le toradh gach údarás áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísí uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní áirítear seirbhísí uisce ó shin i leith.

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA							
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána			
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Spríoc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc
An tÚdarás um Ard-Oideachas An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	<0.1	0.1	-50%	-80%	15.3	9.1	7.5	-40%	67.9	26.6	19.6	-61%
Rásaíocht Capall Éireann Teo	4.1	5.4	-50%	-46%	543.0	662.0	266.1	+22%	1,248.1	1,053.5	425.6	-16%
Seirbhís Thithe an Oireachtais	7.6	12.1	-50%	-39%	502.6	460.2	246.3	-8%	2,658.8	2,041.2	734.0	-23%
An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe	0.2	0.4	-38%	-66%	0.0	9.9	0.0		66.9	69.8	15.1	+4%
Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe	<0.1	<0.1	-50%	-54%	0.0	0.0	0.0		13.0	6.9	3.0	-47%
HSE	804.6	1,094.6	-50%	-16%	135,965.5	127,521.6	66,623.1	-6%	231,439.8	211,259.0	88,197.7	-9%
Iarnród Éireann / Irish Rail	520.5	621.5	-50%	-29%	116,776.3	115,103.0	57,220.4	-1%	144,346.6	135,680.7	63,453.5	-6%
GFT Éireann <sup>2</sup>	3.3	5.8	-50%	-37%	162.0	150.7	79.4	-7%	1,436.4	1,066.2	368.1	-26%
Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe na hÉireann	2.0	2.8	-50%	-35%	278.2	250.8	136.3	-10%	605.8	511.6	210.4	-16%
Iascach Intíre Éireann	5.2	6.5	-50%	-39%	1,234.7	1,008.0	605.0	-18%	1,763.0	1,344.0	724.6	-24%
Cigire Príosún agus Ionaid Choinneála	<0.1	<0.1	-50%	-2%	0.0	0.0	0.0		10.1	6.2	2.3	-39%
An Foras Riaracháin Phoiblí	0.6	0.9	-50%	-21%	96.2	94.3	47.1	-2%	213.3	160.3	73.5	-25%
An Institiúid um Shláinte Phoiblí	<0.1	<0.1	-50%	-12%	0.0	0.0	0.0		18.4	15.6	4.3	-15%
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach	5.5	8.2	-50%	-53%	554.9	649.9	271.9	+17%	1,960.3	1,502.3	588.3	-23%

Nóta 2: D'aithin an SEAI gnéithe de na sonraí a cuireadh isteach ag an spríocháta tuairiscithe arbh ghá aghaidh a thabhairt orthu. B'fheidir gur thug comhlacht poiblí aghaidh ar na gnéithe seo sular ríomhadh an toradh coigiltis a foilsíodh.



Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA							
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána			
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Sprioc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Sprioc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc
Institiúid Teicneolaíochta Shligigh	4.9	7.3	-50%	-49%	893.3	678.7	437.7	-24%	2,266.3	1,464.4	746.3	-35%
Idir-Thrádáil Éireann	0.2	0.3	-50%	-55%	36.2	28.7	17.7	-21%	77.1	53.3	27.0	-31%
Údarás Eitlíochta na hÉireann	12.3	21.2	-50%	-43%	923.0	754.4	452.3	-18%	4,959.3	3,952.7	1,363.0	-20%
Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann	9.0	13.4	-50%	-35%	934.7	983.9	458.0	+5%	2,949.4	2,473.0	912.2	-16%
Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	<0.1	0.1	-50%	-8%	0.0	0.0	0.0		39.9	24.1	9.0	-40%
Graí Náisiúnta na hÉireann	1.7	2.4	-50%	-18%	249.1	295.4	122.1	+19%	507.6	495.3	180.1	-2%
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	82.1	112.2	-50%	-10%	11,068.4	12,075.1	5,423.5	+9%	23,168.2	20,984.9	8,150.3	-9%
Uisce Éireann <sup>5</sup>	641.6	1,137.6	-50%	-30%	10,477.4	14,899.5	5,133.9	+42%	235,438.8	199,195.9	56,018.1	-15%
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann	3.8	4.8	-50%	-59%	1,264.6	772.9	619.6	-39%	1,749.2	1,019.2	728.5	-42%
KARE	1.9	2.4	-50%	-29%	320.8	323.1	157.2	+1%	474.2	433.6	191.8	-9%
Comhairle Contae Chiarraí <sup>3,6</sup>	30.2	41.3	-50%	-41%	5,208.6	5,072.7	2,552.2	-3%	9,963.7	8,566.1	3,624.9	-14%
Bord Oideachais & Oiliúna Chiarraí	4.0	5.9	-50%	-29%	509.0	534.3	249.4	+5%	1,307.8	1,160.6	430.6	-11%
Bord Oideachais & Oiliúna Chill Dara & Chill Mhantáin	11.2	15.9	-50%	-10%	1,231.2	1,455.1	603.3	+18%	3,072.8	2,964.7	1,019.8	-4%
Comhairle Contae Chill Dara <sup>3</sup>	25.4	42.0	-50%	-28%	2,418.1	2,057.0	1,184.9	-15%	9,566.2	7,973.3	2,799.4	-17%

**Nóta 3:** Áirítear le toradh gach údaráis áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísí uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní áirítear seirbhísí uisce ó shin i leith.

**Nóta 5:** Riomhtar feidhmíocht fuinnimh Uisce Éireann ar bhonn fheidhmíocht na sócmhainní seirbhísí uisce ó 2009 i leith. Bhí na sócmhainní sin faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla suas go dtí deireadh 2013, agus le linn an ama sin bhí feabhas 6.4% tagtha ar fheidhmíocht na hearnála seirbhísí uisce. D'fhéadfaí figiúr an choigiltis a athbhreithniú sna blianta amach romhainn de réir mar a leanann na húdaráis áitiúla, Uisce Éireann agus an ÚFIE ag obair as lámha a chéile chun cáilíocht agus cainníocht na sonraí fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear sonraí stairiúla.

**Nóta 6:** Ní hionann scóip an idithe fuinnimh a comhairleadh do sprioc éifeachúlachta fuinnimh an chomhlachta poiblí seo agus uaidh sin a comhairleadh dá sprioc astuithe gáis cheaptha teasa. Tá sé seo mar gheall ar na difríochtaí sa chóireáil mhodheolaíochta d'áiseanna giniúna leictreachais áirithe le haghaidh an dá sprioc. Tá an neamhréireacht atá soiléir idir na luachanna léirithe don chomhlacht seo incurtha ina leith.

Comhlacht Poiblí	FEIDHMÍOCHT FUINNIMH				ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA								
	Ídiú Fuinnimh 2021		Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh		Astaíochtaí GCT neamhleictreachais				Astaíochtaí GCT iomlána				
	Deiridh GWh	Príomhúil GWh	Spríoc 2030	Athrú ó leagadh síos bonnlíne EF ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	Bonnlíne GCT tCO <sub>2</sub>	2021 tCO <sub>2</sub>	Spríoc 2030 tCO <sub>2</sub>	Athrú ó leagadh síos bonnlíne GCT ● maith ● olc	
Ionad Tacaíochta Oideachais Chill Dara	0.1	0.2	-50%	-22%	17.2	22.3	8.4	+30%	29.0	31.6	11.1	+9%	
Bord Oideachais & Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach	4.2	6.0	-50%	-37%	508.6	579.4	249.2	+14%	1,317.0	1,143.5	431.3	-13%	
Comhairle Contae Chill Chainnigh <sup>2</sup>	15.1	22.0	-50%	-37%	1,571.5	2,096.8	770.0	+33%	5,056.8	4,342.8	1,555.4	-14%	
Ionad Oideachais Chill Chainnigh <sup>2</sup> ●	<0.1	0.1	-50%	-35%	16.0	8.8	7.9	-45%	39.7	24.2	13.2	-39%	
An Chúirt Oibreachais	0.2	0.2	-50%	-47%	31.7	30.0	15.6	-6%	60.2	45.6	22.2	-24%	
Bord Oideachais & Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	4.3	6.1	-50%	-23%	686.7	655.8	336.5	-4%	1,437.8	1,229.8	505.9	-14%	
Comhairle Contae Laoise <sup>2,3</sup> ●	7.9	13.0	-50%	-59%	1,322.3	635.7	647.9	-52%	4,088.8	2,440.7	1,272.9	-40%	
Ionad Oideachais Laoise	<0.1	0.1	-50%	-27%	3.8	11.5	1.9	+201%	18.8	19.7	5.3	+5%	
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	<0.1	0.1	-50%	-84%	0.0	11.3	0.0		92.9	19.4	19.8	-79%	
Léargas – an Biúró Malartaithe	<0.1	<0.1	-50%	-52%	15.4	16.9	7.5	+10%	19.0	18.4	8.3	-3%	
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	1.7	3.0	-50%	-33%	56.6	61.2	27.7	+8%	732.4	549.7	180.7	-25%	
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí <sup>2</sup> ●	<0.1	<0.1	-31%	-72%	3.7	0.0	1.8	-100%	4.5	10.5	2.0	+133%	
Comhairle Contae Liatroma <sup>2,3</sup> ●	19.9	25.3	-50%	+52%	1,532.8	3,845.7	751.1	+151%	3,438.0	5,248.3	1,182.2	+53%	
Bord Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	2.8	3.7	-50%	-33%	451.7	435.6	221.3	-4%	802.8	693.9	300.5	-14%	
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn	3.8	5.4	-50%	-60%	603.9	609.7	295.9	+1%	1,418.6	1,099.2	479.4	-23%	

